



COLÁISTE NA TRÍONÓIDE BAILE ÁTHA CLIATH
Tuarascáil Bhliantúil 2007-2008





CLÁR NA nÁBHAR

	Page
Brollach – Focal ón bPropast Gníomhaíochtaí an Choláiste	1
1 Réamhrá	3
2 Forbairtí Acadúla	
Athstruchtúrú Acadúil agus Rialachas Lárnach	3
Modúlúcháin agus Struchtúr na Bliana Acadúla	3
An Ciste le haghaidh Nuálaíocht Straitéiseach	3
Rangú Domhanda Ollscoileanna THES	4
Cáilíocht	4
3 Cúrsaí Oideachais	
Na Mic Léinn	5
Staitisticí Iontrála/Taispeántóirí Iontrála	5
Scoláireachtaí	5
An Curaclam – Cúrsaí Nua	5
Searmanais Tionscnaimh, Céad Onóracha agus Boinn Óir	7
Cláir Rochtana na Tríonóide	7
Dámhachtainí Teagaisc an Phropaist	8
4 Acmhainní Daonna	
Ceapacháin Acadúla	8
Forbairt Foirne	9
5 Gníomhaíochtaí Taighde	
Téamái Taighde	9
Maoiniú Taighde	9
Tionscnaimh Thaighde Nua	11
Naisc Thaighde le hInstitiúidí Eile	12
Scoláireacht agus Rathúlacht Dámhachtainí le haghaidh Thaighdeoirí Choláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath	12
6 Nuálaíocht agus Tráchtálú	
Maoin Intleachtúil	14
Fiontraíocht agus Nuálaíocht	14
7 An Clár um Fhorbairt Caipitil	
Tionscadail i gCrích	16
Tionscadail Tógála atá Beartaithe	17
Caomhnú Fuinnimh	18
8 Tiomsú Airgid	18
9 Staid Airgeadais	19
10 Conclúid	20
Aguisín I	
Cuntas Ioncaim agus Caiteachais, don bhliain dar críoch 30 Meán Fómhair 2008	21
Aguisín II	
An Clár Comhardaithe, don bhliain dar críoch 30 Meán Fómhair 2008	21





COLÁISTE NA TRÍONÓIDE
BAILE ÁTHA CLIATH
Tuarascáil Bhliantúil 2007-2008

Seo a leanas na baill a bhí ar Bhord Choláiste na Tríonóide,
Baile Átha Cliath le linn na bliana acadúla 2007/08:

Baill de bhrí oifige

Propast, An Dr John Hegarty (Cathaoirleach)
Leas-Phropast, An tOllamh Ruth Byrne
Léachtóir Sinsearach, An tOllamh Colm Kearney
Cláraitheoir, An tOllamh Jürgen Barkhoff
Sparánaí, An tOllamh Clive Williams

Comhaltaí agus Comh-ollaimh Thofa

An Dr Sinéad Ryan (2007-2010)
An tOllamh John Donegan (2005-2008)
An tOllamh John Kelly (2005-2008)
An tOllamh Marina Lynch (2005-2010)*
An tOllamh Jagdish Vij (2006-2010)
An tOllamh Eunan O'Halpin (2005-2008)
An tOllamh John Parnell (2005-2008)
An Dr Amanda Piesse (2005-2010)

Foireann Acadúil Thofa nach Comhaltaí iad

An Dr Andrew Butterfield (2005-2008)
Mary Coffey Uas. (2005-2008)
An Dr Alison Donnelly (2005-2010)
An Dr Eoin Mac Cárthaigh (2005-2010)
An Dr Donal O'Donovan (2005-2008)

Foireann Thofa Neamhacadúil

An tUasal Michael Slevin (2005-2010)
Mary Leahy Uas. (2005-2008)**
An Dr Kieran J McGinley (2005-2008)

Ionadaithe na Mac Léinn

Uachtarán Aontas Mac Léinn na gCéimithe, An tUasal
Alessio Frenda (2007-2008)
Uachtarán Aontas na Mac Léinn, An tUasal
Andrew Byrne (2007-2008)
Oifigeach Oideachais Aontas na Mac Léinn, An tUasal
Bartley Rock (2007-2008)
Oifigeach Leasa Aontas na Mac Léinn,
Una Faulkner Uas. (2007-2008)

Baill Sheachtracha

An tUasal Brian Sweeney,
ainmnithe ag Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath (2005-2010)
Geraldine Clarke Uas.,
ainmnithe ag an Aire Oideachais agus Eolaíochta (2005-2010)

I Láthair de bhrí oifige

Rúnaí, An tUasal Michael Gleeson
Cisteoir, Grace Dempsey Uas.
Rúnaí Cúnta, Anne FitzGerald Uasal.

* Tháinig An tOllamh Henry Rice i gcomharba ar an Ollamh
Marina Lynch ar an 21/11/07

** Tháinig Peggy Murphy Uas. i gcomharba ar Mary Leahy Uas.
ar an 30/1/2008



Brollach

Leagtar amach sa Tuarascáil Bhliantúil seo achoimre ar fhorbairtí Choláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath agus ar na nithe a bhain an Coláiste amach le linn na bliana acadúla 2007/08.

Sa réamhrá seo den Tuarascáil, ba mhaith liom buíochas a ghabháil le foireann uile an Choláiste, idir fhoireann acadúil, fhoireann riaracháin agus fhoireann tacaíochta, as a gcion ar son na nithe a bhain an Coláiste amach – nach dtarlódh ach a dtacaíocht gan staonadh.

Rangaíodh Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath sa 53ú háit in ollscoileanna is fearr an domhain i rangúcháin Fhorlónadh an Times Higher Education Supplement agus rangáid an Coláiste sa 13ú háit san Eoraip. Seo an rangú is airde a bhain an Coláiste amach riamh, agus é suas 25 áit ar an rangú anuraidh, mar ar sheas an Coláiste ag an 78ú háit. Is é CTBÁC an t-aon ollscoil in Éirinn atá i measc na 100 ollscoil is fearr ar domhan.

An uailmhian againn ná cur lenár gcáil mar ollscoil is fearr na hÉireann agus bheith i measc na 50 ollscoil is fearr ar domhan. Tá an-áthas orainn go bhfuil seo beagnach bainte amach againn i dtréimhse ghearr go leor. Is gnóthachan den scoth a leithéidí de rangú chomh hard a bhaint amach d'ollscoil i dtír bheag, atá san iomaíocht go hidirnáisiúnta le hollscoileanna níos mó a bhfuil breis acmhainní acu. Déantar cáil ollscoile a thógáil ar chumas agus ar fheidhmíocht na foirne agus na mac léinn. Tá ár dtosaíochtaí straitéiseacha ailínithe leis na luachanna acadúla agus na spriocanna náisiúnta sóisialta, cultúrtha agus eacnamaíochta is airde.

Is mór an rath a bhí ar an gColáiste athuair le linn na bliana acadúla 2007/08: bhí CTBÁC ar an gcéad rogha ag formhór na mac léinn is airde gnóthachtáil in earnáil an dara leibhéal; tugadh aitheantas do thaighdeoirí na Tríonóide

ar fud gach disciplín as a ngnóthachtálacha, sa tír seo agus thar lear; agus d'éirigh an-mhaith leis an gColáiste ó thaobh maoiniú a fháil le haghaidh gníomhaíochtaí taighde.

Cosúil le hollscoileanna eile in Éirinn, ámh, tá aghaidh á tabhairt ag an gColáiste ar dheacrachtaí maoiniúcháin. Tá an leibhéal foriomlán maoiniúcháin a chuirtear ar fáil le haghaidh ardoideachais in Éirinn íseal i gcomparáid leis na leibhéil idirnáisiúnta, agus is dúshlán é taighde, teagasc agus tacaíocht bhonneagair ar ardchaighdeán a sholáthar don fhoireann agus do na mic léinn. Ar na dúshlán is mó tá an t-ionchas eacnamaíochta chomh maith leis an méid maoiniúcháin a chuirfeadh ar fáil amach anseo agus an éiginnteacht ina leith sin, go háirithe leis an Údarás um Ard-Oideachas (ÚAO) ag tabhairt le fios le déanaí go mbeidh laghdú breise iarbhair i gcróí-mhaoiniúchán an Stáit sna blianta amach romhainn toisc mheathlú an airgeadais phoiblí agus chur i ngníomh leanúnach Shamhail Mhaoiniúcháin Atréimhseach an ÚAO. Tá na nithe seo tromchúiseach agus téitear i ngleic leo i Rannóg 9 den Tuarascáil Bhliantúil seo.

Ba mhaith liom mo bhuíochas a ghabháil leis an Taoiseach, leis an Aire Oideachais agus Eolaíochta, agus leis na hAíreí iomadúla ar mór againn a gcuid tacaíochta, le Bord agus Feidhmeannas Fhondúireacht na Tríonóide, leis an Údarás um Ard-Oideachas, Fondúireacht Eolaíochta Éireann, an Bord Taighde Sláinte, IRCHSS, IRCSET, agus na gníomhaireachtaí agus daoine iomadúla eile, idir phoiblí agus phríobháideach, a thacaigh leis an gColáiste.

John Hegarty,
Propast





1 Réamhrá

Bliain rathúil tháirgiúil í an bhliain 2007/08 athuair don Choláiste:

- Bhí an Coláiste ar an aon ollscoil sa Stát a bhí i measc na 100 ollscoil is fearr ar fud an domhain, agus í rangaithe sa 53ú háit, agus i measc na n-ollscoileanna Eorpacha is fearr (13ú háit) i rangúcháin dhomhanda ollscoileanna Fhorlónadh an THES. Rangaíodh an ollscoil sa 37ú háit sna hEalaíona agus Daonnachtaí.
- Tháinig struchtúr acadúil nua i bhfeidhm ar an 1 Eanáir 2008 a chuimsíonn trí dhámh
- Lean foireann na Tríonóide ag baint amach barr feabhais i ngothachálacha taighde agus bronnadh gradaim orthu ar bhonn náisiúnta agus idirnáisiúnta
- Lean an fás ar an ioncam chun tacú le gníomhaíochtaí taighde, ag baint amach leibhéil nár sáraíodh cheana de €71.1 milliún
- Lean an Coláiste ag mealladh na mac léinn a bhain na torthaí is fearr amach san Ardeistiméireacht agus i scrúduithe coibhéiseacha
- Rinneadh cúig cheapachán déag ghairmiúla, agus i gcás dhá cheann díobh b'Óllúnachtaí nuachruthaithe iad
- Bronnadh a gcéimeanna ar 4,177 mac léinn
- Tugadh isteach aon cheann déag de chúrsaí nua iarchéime agus dhá chúrsa nua fochéime
- Comhdaíodh 24 iarratas paitinne agus eisíodh sé cinn de cheadúnais tráchtála.

2 Forbairtí Acadúla

2.1 Athstruchtúráil Acadúil agus Rialachas Lárnach

Tháinig múnla nua d'aonad trí dhámh i bhfeidhm i mí Eanáir 2008 a chuimsíonn na Dámha seo a leanas: Na hEalaíona, na Daonnachtaí agus Eolaíochtaí Sóisialta, Innealtóireacht, Matamaitic agus Eolaíocht agus na hEolaíochtaí Sláinte, agus ar an gcaoi seo bhíothas ábalta an chinnteoireacht agus na buiséid a chineadh do na Scoileanna. Tharla seo mar thoradh ar chlár athstruchtúrúcháin a thosaigh sa bhliain acadúil 2005/06 tar éis 'Clár Oibre le haghaidh Athraithe' mar ar tharla díospóireacht agus comhairliúchán ar fud an Choláiste.

Toghadh Déin na nDámh i dTéarma na Féile Michíl 2007 agus d'imigh i mbun oifige sa bhliain 2008. Chuir an Grúpa um Maoirseacht Fheidhmiú an Athstruchtúrúcháin moltaí ar na nithe seo a leanas faoi bhráid na Comhairle agus an Bhoird le linn na bliana, bunaithe ar ionchur ó roinnt foghrúpaí: Oifigí Acadúla, Cineachadh Straitéiseach; Earcaíocht Straitéiseach; agus bheith mar bhall de Struchtúir ar Coistí iad.

I mí Iúil 2008 cuireadh i ngníomh struchtúr nua don rialachas lárnach ar a bhfuil Déin Feidhmiúcháin na nDámh, An Leas-Propast ina Phríomhoifigeach Acadúil, agus Príomhoifigeach Oibriúcháin atá freagrach as riarachán

agus seirbhísí oideachais. Is éard atá sa struchtúr nua ná Grúpa Oifigeach Feidhmiúcháin athdhéanta, Grúpa um Bainistíú Acadúil, Foireann Ardbhainistíochta Riaracháin, agus Coistí Feidhmiúcháin Dáimhe.

2.2 Modúlúchán agus Struchtúr na Bliana Acadúla

I dtreo dheireadh na bliana acadúla seo caite, thacaigh Bord an Choláiste agus Comhairle na hOllscoile i bprionsabal le moltaí Choiste na Meithle Stiúrtha um Modúlúchán agus Struchtúr na Bliana Acadúla le haghaidh na nithe seo a leanas (a) glacadh struchtúr nua téarma-bhunaithe le tríú téarma a úsáidfear chun measúnú a dhéanamh ar scrúduithe dheireadh na bliana, agus (b) tabhairt isteach struchtúr nua de chroíchuraclam agus curaclam roghnach.

Bhí plé domhain ann leis an bpobal acadúil le linn na bliana acadúla 2007/08 chun dul i ngleic le roinnt saincheisteanna oibriúcháin substainteacha agus chun moltaí na Meithle Stiúrtha a fhorbairt agus a bheachtú. I mí Bealtaine 2008, ceadaíodh na moltaí agus tiocfaidh struchtúr nua na bliana acadúla i bhfeidhm ón mbliain acadúil 2009/10 amach.

Beidh gá le hathrú reachtúil chun uainiú na bliana acadúla reatha a athrú, agus d'imigh an Meitheal Oibre um Athbhreithniú Rechtanna i mbun an athdhréachtaithe a raibh gá leis. Beidh an leasú reachtúil faoi réir na ngnáthphróiseas faofa i dTéarma na Féile Michíl 2008*.

2.3 An Ciste le haghaidh Nuálaíocht Straitéiseach

I mí Lúnasa 2007, d'eisigh an tÚdarás um Ard-Oideachas (ÚAO) gairm ar thograí le haghaidh maoiniúcháin faoin gCiste le haghaidh Nuálaíocht Straitéiseach (CNS) arna bhunú ag an Aire Oideachais agus Eolaíochta. Bhí sé seo ar an dara sraith mhaoiniúcháin faoin CNS agus cuireadh €130 milliún ar fáil le go leithdháilf é.

Tá príomhchuspóirí an chiste faoin dara sraith an-chosúil leis an gcéad sraith agus áiríonn siad:

- feabhas a chur ar sholáthar na bpríomhghníomhaíochtaí oideachais agus taighde, trí chomhoibriú éifeachtach cruthaitheach institiúideach agus idir-institiúideach agus, i gcás go bhfuil gá, iarrachtaí ar athstruchtúráil iomchuí inmheánach agus cuíchóirí;
- tacú le nuálaíocht agus feabhsú na cáilíochta sa teagasc agus san fhoghlaim, lena n-áirítear feabhas ar mhodhanna teagaisc, athstruchtúráil ar chlár, modúlúchán agus ríomhfhoghlaim;
- tacú le rochtain, coinneáil agus dul chun cinn ag an leibhéal institiúideach trí chomhoibriú idir-institiúideach agus idir-earnála.

*Fuarthas faomhadh reachtúil i dTéarma na Féile Michíl 2008



Dhírigh tairiscint na Tríonóide ar na nithe seo a leanas: (i) bainistiú ar chórais faisnéise, (ii) cur le hinniúlacht 4ú Leibhéal/oideachais céimithe, (iii) athstruchtúrú leanúnach, (iv) feabhas ar fhoghlaim, (v) rannpháirtíocht a leathnú, agus (vi) idirnáisiúntú. Bhí gá le leibhéal níos mó comhoibriúcháin don dara sraith den CNS le líon níos mó páirtithe institiúideacha ná mar ba ghá don chéad sraith. Eagraíodh formhór na dtionscadal faoi dhá phríomhghrúpáil, Comhaontas Ard-Oideachais Réigiún Bhaile Átha Cliath (CAORBÁC) agus an Grúpa C4 (CTBÁC, Coláiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath, Ollscoil na hÉireann, Gaillimh agus Coláiste na hOllscoile, Corcaigh).

De bhreis air sin, chuir an Tríonóid isteach pleananna le haghaidh dhá thionscadal leathnúcháin rannpháirtíochta, Cur i nGníomh Céimneach an Teastais ar an Saol Comhaimseartha, agus forbairt na ndioplómaí reatha i Léann na Bodhaire chuig leibhéal céime. Chomhoibrigh an Coláiste ar roinnt tionscadal earnálach trí Chumann Ollscoileanna Éireann.

I mí Feabhra, Márta agus an Mheithimh 2008, d'fhógair an ÚAO roinnt tionscadal éagsúil a raibh an Tríonóid bainteach leo agus dhearbhaigh gur éirigh leis an Tríonóid gealltanais de bheagnach €16.5 milliún a fháil san iomlán. Toisc na géarchéime eacnamaíochta atá ann faoi láthair, leasaíodh an tsuim sin go suim níos ísle agus níor maoiníodh ach gealltanais chonartha a ndeachthas iontu ó fhógairt CNS 2.

2.4 Rangú Ollscoileanna Domhanda THES

Bhí Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath ar an aon ollscoil in Éirinn a bhí i measc na 100 ollscoil is fearr agus i measc na 50 ollscoil Eorpach is fearr i rangú ollscoileanna domhanda 2007 an THES ina bhForlónadh Oideachais*. D'éirigh leis na gColáiste an 53ú háit a bhaint amach sa domhan, sin 25 áit níos airde ná an rangú anuraidh, mar a raibh an Coláiste sa 78ú háit. Rinneadh an Coláiste a rangú freisin sa 13ú háit san Eoraip (25ú háit sa bhliain 2006).

I rangú ollscoileanna THES liostáiltear na 200 ollscoil is fearr ar domhan agus é seo bunaithe ar athbhreithniú piaraí, líon na luanna de réir ball dáimhe, an cóimheas mic léinn le baill foirne agus líon na mac léinn idirnáisiúnta agus na foirne idirnáisiúnta.

Is gnóthachtáil den chéad scoth é a bheith rangaithe i measc na 100 ollscoil is fearr ar domhan d'ollscoil i dtír chomh beag, agus í san iomaíocht le hollscoileanna idirnáisiúnta atá i bhfad níos mó agus a bhfuil acmhainní breise acu.

2.5 Cáilíocht

Tá aitheantas bainte amach ag Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath dó féin ar bhonn domhanda mar ollscoil ina

bhfuil an teagasc agus an taighde ar an gcaighdeán is airde. Oideachas ar leith a chuireann CTBÁC ar fáil, oideachas atá treoraithe ag an taighde, atá cothromaithe agus a dhíríonn ar an mac léinn. Tá an Coláiste tiomanta de an tsárcháilíocht seo a choinneáil ina fhochéimeanna agus a iarchéimeanna agus sa taighde agus ar na láidreachtaí atá ag an Tríonóid tá díograis na mball foirne agus na mac léinn.

Léirítear cáilíocht eisceachtúil fhoireann acadúil an Choláiste sa toghadh go Comhaltachtaí. Chun cáiliú le haghaidh Comhaltachta bíonn gá le gnóthachtáil taighde nó scoláireacht d'ord ard, chomh maith le fianaise go bhfuil cion déanta ag an iarrthóir ar son shaol an Choláiste, arna léiriú go háirithe trí rannpháirtíocht in obair a Roinne nó a D(h)áimhe agus taifead éifeachtach teagaisc.

Fógraíodh fiche haon Comhaltacht, lena n-áirítear Comhaltaí Oinigh, An tOnórach, An Breitheamh Ronan Keane agus An tOllamh Adrian Hill, An tOllamh Géineolaíochta Daonna ag Ollscoil Oxford, ar Luan na Tríonóide 2008.

Sa bhliain acadúil 2007/08, rinne an Oifig Cáilíochta athbhreithniú cáilíochta ar Scoil na Ceimice, Scoil an Bhéarla, Scoil an Oideachais agus Scoil na Ríomheolaíochta & Staitisticí. Rinneadh athbhreithniú ar Sheirbhís Ranganna Teagaisc an Choláiste i mí na Samhna 2007, an chéad athbhreithniú tras-Choláiste. Chuidigh an Oifig Cáilíochta san athbhreithniú ar an B.Sc. i gCothúchán an Duine agus Diaitéitic i mí Bealtaine 2008. Déanann Scoil Leighis na Tríonóide agus Scoil na nEolaíochtaí Bitheacha ag Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath an cúrsa seo a theagasc i gcomhar lena chéile.

Le linn na bliana acadúla 2007/08 cuireadh i gcrích bliain a trí den dara sraith d'athbhreithnithe acadúla (2004-2011). Cuireadh siar an t-athbhreithniú ar Scoil na dTeangacha, Litríochtaí agus Léann Cultúrtha a bhí le tarlú le linn 2007/08 toisc nach raibh na hAthbhreithneoirí ar fáil agus déanfar é le linn na bliana acadúla 2008/09.

Bhreithnigh an Coiste Cáilíochta tuarascálacha ocht mí dhéag ar dhul chun cinn sna réimsí seo a leanas le linn na bliana: Roinn na hInnealtóireachta Sibhialta, Struchtúraí agus Comhshaoil agus Roinn na Bithcheimice. Bhí na tuarascálacha seo ar na tuarascálacha deireanacha ar dhul chun cinn a fuarthas i ndáil le Rannóga a ndearnadh athbhreithniú orthu le linn chéad sraith na n-athbhreithnithe acadúla (1998-2004).

Le linn 2007/08, lean an Tríonóid leis an bplé leis na príomhpháirtithe leasmhara atá páirteach i ndearbhú cáilíochta/feabhsú cáilíochta trí mheán na rannpháirtíochta i ngníomhaíochtaí Líonra Ard-Oideachais na hÉireann, Bord Cáilíochta Ollscoileanna Éireann agus Cumann Ollscoileanna Éireann.

* Rangáíodh CTBÁC sa 49ú háit ar domhan i rangú ollscoileanna domhanda 2008 Forlónadh Oideachais an THES



3 Cúrsaí Oideachais

3.1 Na Mic Léinn

Tá mic léinn sa Choláiste as gach contae in Éirinn, de 114 náisiúntacht, agus le réimse leathan de chúraí sóisialta agus ó aoisghrúpaí éagsúla.

San iomlán, bhí 15,716 mac léinn cláraithe le linn 2007/08. As an líon sin, ba as tíortha AE seachas Éire iad 7% díobh, ba as Tuaisceart Éireann 3% díobh, ba as Tuaisceart Mheiriceá nó Meiriceá Lár 3% díobh, agus ba as áiteanna eile sa domhan 3% eile.

Sháraigh an Coláiste a sprioc de 15% de chuótaí CAO le haghaidh mac léinn neamhthraidisiúnta – lena n-áirítear mic léinn ó chúraí socheacnamaíochta faoi mhíbhuntáiste, mic léinn faoi mhíchumas agus mic léinn lánfhásta – i gcomparáid leis na figiúir sa bhliain 2007, mar ar líonadh 17% de na háiteanna CAO le mic léinn neamhthraidisiúnta, thuas 14% i gcomparáid le 2006. Ba mhic léinn lánfhásta iad caoga hocht faoin gcéad de na mic léinn neamhthraidisiúnta a chláraigh sa bhliain 2007.

3.2 Staitisticí Iontrála/Taispeántóirí Iontrála

Mheall an Tríonóid sciar substainteach (11%) d'iarratais chéad rogha i gcóras an CAO sa bhliain 2007. San iomlán rinne 50,870 mac léinn an Ardteistiméireacht sa bhliain 2007. As na mic léinn sin a chuir iarratas isteach tríd an CAO bhí 545 pointe nó níos mó bainte amach ag 1,705 díobh agus ghlac 25% de na mic léinn sin áit i gColáiste na Tríonóide.

Bronnadh 'Dámhachtainí Taispeántóirí Iontrála' ar 569 mac léinn na chéad bhliana san iomlán. Bhí na mic léinn a fuair na dámhachtainí seo tar éis 545 pointe nó níos mó a bhaint amach (níos mó ná 6 ghrád A2) san Ardteistiméireacht nó a choibhéis i scrúdú dara leibhéal. Tháinig na mic léinn seo ó 281 scoil as gach ceann de na 32 contae in Éirinn chomh maith le scoileanna eile san AE.

Tá cumas acadúil mhic léinn na Tríonóide fanta an-ard agus meallann an Coláiste i gcónaí an líon is airde de mhic léinn atá cumasach go hacadúil.

3.3 Scoláireachtaí

Ba theist i gcónaí riamh ar ghnóthachtáil acadúil iad Scoláireachtaí Fhondúireacht na Tríonóide agus Scoláireachtaí eile. Déanann mic léinn fochéime, ag deireadh an dara bliain (nó tríú bliain i gcás mic léinn leighis), scrúdú speisialta agus i gcás na mac léinn a bhaineann amach céad onóracha bronnar scoláireacht orthu le haghaidh tréimhse suas le cúig bliana. Sa bhliain acadúil 2007/08, bronnadh na scoláireachtaí

mórthaibhseacha seo ar sheachtó a haon mac léinn ar Luan na Tríonóide 2008.

Tháinig faighteoirí na scoláireachtaí ó gach dámh: Dámh na nEalaíon, na nDaonnachtaí agus na nEolaíochtaí Sóisialta (20); Dámh na hInnealtóireachta, Dámh na Matamaitice agus na hEolaíochta (29); Dámh na nEolaíochtaí Sláinte (14); agus il-Dáimhe (8).



Scoláirí Nuathofa Choláiste na Tríonóide, Karina Jakubowicz (ar chlé) agus Georgina Folan ó Scoil an Bhéarla, ag ceiliúradh fhógairt na gComhaltai agus na Scoláirí nua

3.4 An Curaclam – Cúrsaí Nua Fochéime agus Iarchéime

Lean an Coláiste ag spreagadh agus ag tacú le cúrsaí nua a tógadh ar réimsí nua eolais, ar threonna nua i ndisciplíní agus nuálaíocht churaclaim chomh maith le riachtanais na mac léinn agus tugadh isteach na cúrsaí seo a leanas i 2007/08:

Fochéimeanna Céim

BA (Mod) i Léann Gaeilge

BA (Mod) Eolaíocht Nádúrtha (Míochaine Mhóilíneach)

Iarchéimeanna Céim

M.Phil. i Litríochtaí Chríocha Mheiriceá

M.Phil. i dTeagasc an Bhéarla (ELT)

M.Sc. sa Ríomheolaíocht

(Teicneolaíocht na Síamsaíochta Idirghníomhaí)

MSc sa Mheabhairshláinte

MSc in Eolaíochtaí Fisiceacha sa Leigheas

MSc in Eolaíochtaí Bithleighis (Idirsháite)

Dochtúireacht Ghairmiúil sa Mháinliacht Dhéadach

Iarchéimeanna Dioplóma

Ard-Dioplóma sa Chnámhseachas

Dioplóma Iarchéime sa Támhú Comhfhiosach i bhFioclóireacht

Dioplóma Iarchéime sa Bhainistíocht

Dioplóma Iarchéime san Anailís ar Iompar Feidhmeach





Sa bhliain acadúil 2007/08 chuir an líon is airde mac léinn (599, lena n-áirítear 67 mac léinn ar cuairt) i gcrích na cúrsaí trasdámhse Curaclaim Leathain ó seoladh an tionscnamh. I 2007/08 mheall na trí chúrsa dhéag, a chuimsigh raon ábhar sna healaíona, daonnachtaí, eolaíochtaí sóisialta agus domhaneolaíochtaí, mic léinn ó fhorhmór na gclár fochéime sa Choláiste. Ceapadh na cúrsaí ar bhealach a chuirfeadh chun cinn fairsinge na foghlama ag an leibhéal fochéime agus na cáilíochtaí atá inmhianaithe i gcéim de chuid na Tríonóide: fiosracht, cumas anailís a dhéanamh, inoiriúnaitheacht, fairsinge léitheoireachta, freagracht eitice, léargas idirnáisiúnta, bheith deaslabhartha, liteartha agus uimheartha.

Leanadh leis an rannpháirtíocht i bpróiseas Bologna. Faoi dheireadh na bliana acadúla 2007/08, dearbhaíodh sonrú na gcúrsaí ar fud an réimse de chlár mhúinte, fochéime agus iarchéime, ó thaobh a modúl agus an chórais a bhaineann leis an gCóras Eorpach um Aistriú agus Carnadh Creidmheasa.

3.5 Searmanais Tionscnaimh, Céad Onóracha agus Boinn Óir a Bronnadh

Reáchtáladh fiche a hocht searmanas tionscnaimh le linn 2007 agus bronnadh 4,177 céim lena linn (2,737 bunchéim agus 1,440 ardcéim).

Bhain trí chéad agus tríocha seacht mac léinn amach céad onóracha (bun) chéimeanna le linn 2007/08 agus, astu siúd, bronnadh Bonn Óir ar 65.



Robert Fisk, Robert Redford agus John Hume, thriúr a fuair Céimeanna Oinigh ag Ócáidí Tionscnaimh Shamhradh 2008

Bhí bronnadh oinigh ann le linn na searmanas Tionscnaimh ar an 14 Nollaig 2007 agus ar an 11 Iúil 2008. Ag Searmanais Tionscnaimh an Gheimhridh bronnadh céimeanna oinigh ar Shirin Ebadi, Veronica Dunne, Ngozi Okonjo-Iweala agus Vaira Vīķe-Freiberga. I measc fhaighteoirí na gcéimeanna oinigh ag Searmanas Tionscnaimh an tSamhraidh bhí

Robert Redford, John Hume, Robert Fisk, Dónal Lunny agus Melissa Webb.

3.6 Cláir Rochtana na Tríonóide

Is éard atá i gCláir Rochtana na Tríonóide (CRT) ná réimse tionscnamh atá dírithe ar an ráta rannpháirtíochta ag na tríú leibhéal a mhéadú i measc daoine fásta óga agus mic léinn lánfhásta ó ghruaí socheacnamaíochta gannionadaíochta. Bunaíodh na cláir mar chuid den straitéis fhoriomlán chun dul i ngleic leis na rátaí ísle de mhic léinn ó ghrúpaí socheacnamaíochta áirithe a théann ar aghaidh chuig an tríú leibhéal agus is léiriú iad de mhisean sóisialta an Choláiste a bheith ag feidhmiú.

Bhí rath ar CRT go dtí seo a bhuíochas le comhpháirtíochtaí táirgiúla le scoileanna, coláistí breisoideachais, teaghlaigh, mic léinn, foireann na Tríonóide, gnóthaí, grúpaí pobail agus institiúidí Ard-Oideachais eile, ar bhonn náisiúnta agus idirnáisiúnta.

Faigheann CRT maoiniú ón Údarás um Ard-Oideachas trí mheán an Chiste le haghaidh Tionscnaimh Straitéiseacha, ón Roinn Oideachais agus Eolaíochta agus ó roinnt deontóirí eile, idir aonair agus chorpóraideach. Tacaíonn na Cistí sin leis na tionscnaimh seo a leanas:

- Clár Bunleibhéil agus Iar-bhunleibhéil
- Cúrsaí Réamhullmhúcháin Ollscoile: Daoine Fásta Óga agus Mic Léinn Lánfhásta, CTBÁC
- Na Cúrsaí Rannpháirtíochta sna Saorealaíona: CTBÁC agus Coláistí Choiste Gairmoideachais Chathair Bhaile Átha Cliath (CDVEC)
- An Clár um Dhul Chun Cinn Iar-iontrála.

Bhí 143 iontráil isteach i gColáiste na Tríonóide trí mheán Chláir Rochtana na Tríonóide le linn 2007/08.

Ag nascadh 20 bunscóil agus 24 iar-bhunscóil ar beag an traidisiún atá acu dul ar aghaidh chuig an tríú leibhéal, thug CRT, i gcomhar le 30 roinn sa Choláiste, an deis do bhreis is 4,000 mac léin, tuismitheoir agus múinteoir páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí ar an gcampas le linn 2007/08, lena n-áirítear Clár Matamaitice agus Taiscéalaíochta Eolaíochta le haghaidh dhaltaí rang a sé agus 'Take the Lead' le haghaidh dhaltaí rang a cúig.

Tá réimse tacaí iar-iontrála forbartha ag CRT ag freagairt do riachtanais na mac léinn. Ina measc tá cláir éagsúla réamhollscoile, tacaíocht airgeadais agus phearsanta, teagasc breise, Ionad Acmhainne Scríbhneoireachta, Seomra Cuidithe Matamaitice, an Stiúideo (ionad acmhainne foghlama), scéim thacaíthe cóiríochta agus ceardlanna athbhreithniúcháin ag deireadh téarma. Oibríonn CRT go dlúth freisin leis an Leabharlann agus le seirbhísí tacaíochta eile sa Choláiste lena n-áirítear an



tSeirbhís Comhairleoireachta do Mhic Léinn, an tSeirbhís Míchumais, Seirbhís Sláinte an Choláiste, An Oifig Cóiríochta agus Seirbhís Ranganna Teagaisc an Choláiste lena chinntiú go bhfuil an t-aistriú chuig an trú leibhéal chomh réidh agus is féidir agus chun tacaíocht a thabhairt do chur i gcrích sásúil an chláir chéime ag mic léinn CRT.



Mic léinn dara leibhéal ag glacadh páirte sa chéad Scoil Samhraidh CRT i 2008

3.7 Dámhachtainí Teagaisc an Phropaist

Seo a leanas faighteoirí Dhámhachtainí Teagaisc an Phropaist 2007/08: An tOllamh Sylvia Draper, Scoil na Ceimice, An Dr Oran Doyle, An Scoil Dlí (Dámhachtain Luathghairme), An Dr Paul Spiers, An Scoil Leighis agus An tOllamh Cyril Smyth, Scoil na Géineolaíochta agus na Micribhitheolaíochta (Dámhachtain do Ghnóthachtáil Feadh Saoil). Tugadh aitheantas do na faighteoirí go léir as a ndíograis agus a ndiongbháilteacht do bharr feabhais teagaisc agus foghlama.



An tOllamh Sylvia Draper, Scoil na Ceimice, An Dr. Paul Spiers, Scoil an Leighis, An Dr. Oran Doyle, An Scoil Dlí agus an tOllamh Cyril Smyth, Scoil na Géineolaíochta agus na Micribhitheolaíochta, faighteoirí Ghradaim Theagaisc 2007/08 an Phropaist

Tá na dámhachtainí ar phríomh-mhodh an Choláiste aitheantas a thabhairt don fhoireann acadúil a rinne cion ar leith ar son bharr feabhais a bhaint amach sa teagasc sa Choláiste agus a chuireann chun cinn an teagasc mar ghníomhaíocht scolártha.

4 Acmhainní Daonna

Tá feidhm Acmhainn Daonna an Choláiste, an Oifig Foirne, múnlaíthe timpeall ceithre cinn de phríomhsheirbhísí, eadhon, Earcaíocht, Pleanáil Foirne agus Párolla, agus Forbairt Foirne. Chomh maith leis sin, tá Comhairleoir Acmhainní Daonna ag gach Dámh: déantar iad seo a cheapadh le linn na bliana.

Ba bhliain ghnóthach í 2007/08 d'fhoireann na hOifige Foirne le leibhéil arda de ghníomhaíocht oibríochtúil – próiseáladh beagnach 7,000 iarratas poist agus bhí roinnt mhaith rannpháirtíochta i gceist le hoiriúnú agus ionchur i struchtúir leasaithe an Choláiste, lena n-áirítear athbhreithniú ar an gCoiste Príomha, le freagracht as Acmhainní Daonna, an Coiste Pearsanra agus Ceapachán.

Chun stádas an Choláiste a choinneáil agus a fheabhsú, ní foláir do CTBÁC daoine a earcú, a fhorbairt agus a choinneáil atá thar a bheith cumasach. Reáchtáladh 346 comórtas earcaíochta san iomlán chun 420 folúntas a líonadh. Seo méadú ar na 259 comórtas a reáchtáladh le linn 2006/07.

4.1 Ceapacháin Acadúla

Le linn na bliana acadúla 2007/08, rinneadh 120 ceapachán nua agus ionadaíochta. As an méid sin bhí 15 Ollúnacht (liostáilte thíos), cúig Chomh-Ollúnacht, sé cinn de Léachtóireachtaí Sinsearach, sé cinn de Léachtóirí/Cláraitheoirí agus 97 Léachtóireachtaí. Luaitear i bPlean Straitéiseach an Choláiste 2003-08 go bhfuil cáilíocht na foirne acadúla ar cheann de láidreachtaí móra an Choláiste.

Ollúnachtaí Nuabhunaithe

Ollamh Michael McNamara le Nuálaíocht Foirgníochta –
An tOllamh Mark Dyer
Ollamh/Stiúrthóir Acadúil Mol an tSeomra Fhada –
An tOllamh Poul Holm

Ollúnachtaí Bunaithe

Ollamh le Bithcheimic (1960) –
An tOllamh Luke O'Neill
Ollamh le hOideachas (1905) –
An tOllamh Michael Grenfell
Ollamh le Fealsúnacht Mhorálta (1837) –
An tOllamh Peter Simons



Ollúnachtaí Gairmiúla Pearsanta

Seachtrach

Taighde FEÉ, Ollamh le Ríomheolaíocht –
An tOllamh Matthew Hennessy
Ollamh FEÉ Stokes le Fóineolaíocht agus Eolaíochtaí
Urlabhra – An tOllamh Nick Campbell
Ollamh FEÉ Stokes le Néar-íomháu Comhtháite -
An tOllamh Thomas Frodl
Ollamh FEÉ Stokes le hIldhíoneolaíocht Aistritheach –
An tOllamh Padraic Fallon
Ollamh FEÉ Stokes le Pataigineas Miocróbach –
An tOllamh Jay Hinton

Inmheánach

An tOllamh Dan Bradley, Géineolaíocht
agus Micribhitheolaíocht
(Ollamh le Géineolaíocht Daonra)
An tOllamh Thorfinnur Gunnlaugsson, Ceimic
(Ollamh le Ceimic)
An tOllamh Alan Kramer, Startha agus Daonnachtaí
(Ollamh le Stair na hEorpa)
An tOllamh Ian Ross, Béarla
(Ollamh le Léann an Ochtú hAois Déag)
An tOllamh David Taylor, Innealtóireacht
(Ollamh le hInnealtóireacht Ábhar)

D'eisigh an Oifig Foirne 1,547 conradh: ba dhaoine nua a earcaíodh iad 30% díobh agus ba thaighdeoirí a bhformhór. Chlúdaigh an 70% eile athruithe ar théarmaí agus coinníollacha reatha, síneadh conarthaí, daoine ar iasacht agus teidlíochtaí reachtúla le conarthaí ar thréimhsí éiginnte d'fhoireann acadúil.

Sa bhliain acadúil 2007/08 d'óstáil an Tríonóid 166 ball foirne ar cuairt ó thíortha eile a bhí i mbun taighde, teagaisc nó ina mbun araon.

4.2 Forbairt Foirne

Tá an Oifig Forbartha Foirne tiomanta de tacú le misean na Tríonóide trí oiliúint agus forbairt iomchuí leanúnach ar feadh an tsaoil a sholáthar don fhoireann trí sheirbhís leathan oiliúna agus forbartha a sholáthar. Ar leithligh agus i gcomhthráth leis seo, cuireann CAPSL réimse leathan seirbhísí oiliúna agus forbartha ar fáil.

Cuireadh i ngníomh an Córas Bainistíochta agus Forbartha Feidhmíochta (CBFF) le linn 2007/08 sa Choláiste. Reáchtáladh oiliúint ar scála mór le linn na bliana acadúla roimh ré mar ar oileadh 634 duine ina n-athbhreithnitheoirí agus ina n-athbhreithithe le linn phríomchur i ngníomh céimneach an chórais. I 2007/08, oileadh 106 ball foirne le haghaidh CBFF: b'iontrálaithe nua iad seo d'fhorhóir.

I 2007/08 chláraigh 442 duine ar 38 cúrsa éagsúil ar an gClár Forbartha Foirne. Sa mhéid go bhfuil an CBFF níos

imeasctha ná riamh le saol an Choláiste bíonn ionchur mór aige sa Chlár Bliantúil Oiliúna Foirne. Chomh maith leis an gClár seo, chuir an Oifig Forbartha Foirne tacaíocht ar fáil d'aonaid aonair oibre, riar sí maoiniú ar chúrsaí seachtracha acadúla agus ar scéim shaoire staidéir/scrúdaithe, agus d'aimsigh cúrsaí gearra lasmuigh nuair ba ghá.

5 Gníomhaíochtaí Taighde

5.1 Téamaí Taighde

Cuimsíonn straitéis taighde na Tríonóide gach mórdhisciplín agus tá sí tiomanta de gníomhaíochtaí taighde den chéad scoth a sholáthar i réimsí lánacha san eolaíocht, sna heolaíochtaí sóisialta, sa leigheas agus sna healaíona. Díríonn fócas straitéiseach an Choláiste ar chúig phríomhréimse – Imeascadh Eorpach & Idirnáisiúnta, na hEalaíona Cultúrtha & Cruthaitheacha, Córais Ábhar & Chliste, Eolaíochtaí Bitheacha & Taighde Aistritheach agus Iompar, Fuinneamh & an Comhshaol. I ngach ceann de na réimsí seo tá gníomhaíochtaí suntasacha taighde ag an Tríonóid, nasctha go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta, ag tógáil ar bhunchloch an idir-dhisciplíneachais chun toradh taighde domhanda a sholáthar.

Tarlaíonn cúrsaí taighde CTBÁC ag leibhéal éagsúla: tá comhpháirtíochtaí suntasacha taighde ag an gColáiste le tionscail ilnáisiúnacha agus dhúchasacha; feidhmíonn sé clár ar leith de 'thaighdeoirí cónaitheacha' chun páirtithe a neadú ag croí na dtionscadal taighde comhoibritheach; leis an nGailearaí Eolaíochta, tá an Tríonóid ag oscailt fuinneoige a fhéachann amach ar an domhan taighde sa chiall is leithne, ag cothú fiosracha, ag spreagadh díospóireachta agus ag mealladh mheabhair chinn iniúchóirí na toadhchá; trína pholasaí Cruthaitheacht sa Phobal – ag leibhéal áitiúil, náisiúnta agus domhanda – tá an Tríonóid tiomanta de taighde den chéad scoth a sholáthar ar mhaithe leis an tsochaí.

5.2 Maoiniú Taighde

I 2007/08, d'éirigh thar barr leis an Tríonóid i maoiniú a fháil le haghaidh gníomhaíochtaí taighde. Shroich ioncam chun tacú le gach gníomhaíocht taighde €71.1 milliún don bhliain, agus ba mhéadú é sin ar an tsuim le haghaidh na bliana acadúla 2006/07 nuair a b'ionann é agus €70.6 milliún. Tá an méid a foctar i ndáil le costais indíreacha ó ghníomhaíocht taighde, ámh, fós faoin gcostas iomlán eacnamaíochta ar thaighde a óstáil agus mar thoradh air sin bíonn gá maoiniú a chur ar fáil do ghníomhaíocht taighde ón gcróibhúis. Níl sé seo inchothaithe.

Bhí 1,794 cuntas gníomhach taighde ann i gcomparáid le 1,552 an bhliain roimh ré, sin méadú de 15.5%.





Le cúpla bliain anuas, bhí athrú ar fhoinsé an mhaoiniúcháin le haghaidh taighde ó fhoinsí AE/eachtracha chuig foinsí Éireannacha, d'fhorhóir ó tionscnaimh PRTLÍ arna dtiomáint ag Fondúireacht Eolaíochta Éireann agus an ÚAO. Thacaigh gníomhaíocht taighde le 1,720 fostaí, lena n-áirítear 680 mac léinn iarchéime i 2007/08.

Foinse na Gníomhaíochta Taighde	An Bhliain dar Críoch 30 M.F 2008
Fondúireacht Eolaíochta Éireann	37%
Fiontraíocht Éireann/BioresarchIreland/PATS	9%
An tÚdarás um Ard-Oideachas	6%
Coimisiún na gComhphobal Eorpach	6%
Eile	42%

5.3 Tionscnaimh Thaighde Nua Choláiste na Tríonóide

Tá an Tríonóid ag tús áite i roinnt staidéar mór náisiúnta fadaimseartha, lena n-áirítear taighde mar gheall ar leanaí agus aosú, agus gníomhaíochtaí sa nanai-eolaíocht agus taighde teileachumarsáide arna thacú ag ionaid bharr feabhais Fhondúireacht Eolaíochta Éireann ar an gcampas. Tá sé mar aidhm ag Ionad Leighis na Tríonóide, atá ag an gcéim phleanála, an dea-chleachtas is fearr ó thaobh cúram othair de a nascadh leis an taighde agus an taighde is nuá i múnla amháin rialachais bunaithe ar ionaid chúraim sláinte den chéad scoth ar fud an domhain. Ar an gcaoi chéanna, tá tús áite ar bhonn domhanda ag institiúid agus ionaid mhóirthaighde CTBÁC i réimsí amhail néareolaíocht, domhandú, imdhíoneolaíocht, míochaine móilíneach agus Mol an tSeomra Fhada le haghaidh na n-ealaíon agus na ndaonnachtaí. Tá páirt ag an Tríonóid i dtiomáint roinnt fiontar tábhachtach comhoibritheach náisiúnta amhail an tIonad Náisiúnta Taighde Digiteach (INTD), Míochaine Mhóilíneach Éireann (MMÉ) agus an tIonad Náisiúnta um Thaighde Bithphróiseala agus Oilíúint (INTBO).

Chomh maith le tionscnaimh idirdhisciplíneacha leanúnacha Choláiste na Tríonóide sna réimsí seo, tá na tionscadail nua seo a leanas i measc na dtionscadal a seoladh le linn 2007/08:

Tionscadal Taighde Óige na nInimircéach

Ba chomhpháirtithe iad Ionad Taighde Leanaí CTBÁC agus Integrating Ireland i staidéar taighde nua, dar teideal Immigrant Youth Research Project, a bhfuil mar aidhm aige tuiscint a chothú i ndáil leis na heispéiris agus na saincheisteanna is tábhachtaí do dhaoine óga a thagann anseo ar imirce mar shampla iniúchadh a dhéanamh ar an tuairim atá ag inimircigh óga i leith saincheisteanna cosúil leis an scoil, caitheamh aimsire agus caidrimh le daoine óga 'áitiúla'. Sheol an tAire a bhfuil freagracht air as Imeascadh, Conor Lenihan TD, an staidéar go hoifigiúil i mí Iúil 2008.



An tAire Imeasctha, Conor Lenihan, TD le Abdul Rama Zeroug ón Ailgéir agus Merryjoy Itambo ó Phoblacht Dhaonlathach an Chongó ag seoladh an Tionscadail Taighde Óige le haghaidh Inimircéach

Tionscadal Taighde Bithéagsúlachta

Tá Scoil na nEolaíochtaí Nádúrtha i bhfeighil tionscadal taighde dar luach €1.6 milliún arna mhaoiniú ag an nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil – an clár STRIVE i ndáil le Tionchair Earnálacha ar Bhitheagsúlacht agus ar Sheirbhísí Éiceachórais. Thosaigh an tionscadal seo, a mhairfidh ceithre bliana go leith, i mí Aibreáin 2008, agus tá staidéar á dhéanamh ann ar an tionchar a bhíonn ag saothrú barraí bith-fhuinnimh, ag treoirlínte nua le haghaidh tírdhreachú bóithre agus ag cleachtas nuálaíochta do bharshaothraithe in Éirinn ar bhitheagsúlacht ghéiniteach, speicis agus tírdhreachaithe agus ar na héiceachóras a sholáthraíonn siad.

DISCOVERY

Sa bhliain 2007, bunaíodh cuibhreannas ildisciplíneach sa leigheas aistritheach, DISCOVERY, faoi stiúir Ollamh le Paiteolaíocht CTBÁC, John O'Leary. Ar an gcuibhreannas seo tá taighdeoirí agus cliniceoirí ó roinnt institiúidí éagsúla in Éirinn a bhíonn ag gabháil do thaighde den chéad scoth i réimse na hailse ubhagánaí agus inmhéitiam. Is éard an spríoc lárnach atá aige ná tuiscint a fháil ar na hailsí seo agus modhanna nua a fhorbairt d'aimsiú luath ailse agus chun roghanna nua cóireála a dhearadh.

Míochaine Móilíneach Éireann

Bhunaigh Propast CTBÁC, Uachtaráin Choláiste na hÉireann, Gaillimh, Choláiste na hOllscoile, Corcaigh agus Choláiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath, maille le Cláraitheoir Choláiste Ríoga na Máinleá in Éirinn cuideachta charthanach chun comhordú a dhéanamh ar an ngníomhaíochtaí taighde sláinte. Déanfaidh an chuideachta, Míochaine Móilíneach Éireann, daingniú ar phróifíl na hÉireann sa taighde sláinte trí láidreachtaí taighde gach institiúide a thabhairt le chéile agus tógáil orthu sin agus sheol an tAire Oideachais agus Eolaíochta, Mary Hanafin TD, an chuideachta i mí Aibreáin 2008.



Ais Anailíse Ard-ábhair

I mí Feabhra 2008 seoladh áis nua don íomháú agus don scagthástáil, a chuirfidh ard-íomháú ceall an duine ar fáil, rud a chuirfidh feabhas ar chúram othair agus a bhrostóidh fionnachtain drugaí don ailse agus do ghalair athlastacha, ag MMÉ CTBÁC ag Ospidéal San Séamas. Tá an cumas ag an Áis Anailíse Ard-ábhair, atá ar an gcéad cheann dá chineál i measc institiúidí acadúla Eorpacha, chun na céadta uair níos mó faisnéise eolaíochta a tháirgeadh a mbeidh feabhsúcháin radacacha mar thoradh air i ndiagnóis agus cóireáil galair.

Metropolis

D'oibrigh taighdeoirí ón nGrúpa GV2 ag Scoil na Ríomheolaíochta & Staitisticí i gcomhar le baill foirne agus mic léin ó scoil an Chlinic Lárnaigh Íocsláinte i gCluain Tarbh chun cluiche ríomhaire a dhearadh bunaithe i mBaile Átha Cliath fíorúil. Seoladh an cluiche sa CLÍ i mí Bealtaine 2008 agus forbraíodh é mar chuid den tionscadal 'Metropolis', tionscadal ceithre bliana dar luach €2.5 milliún, arna mhaoiniú ag Fondúireacht Eolaíochta Éireann.

5.4 Naisc Thaighde le hInstitiúidí Eile

Comhpháirtíocht idir CTBÁC, Ollscoil na hÉireann, Gaillimh agus GSK le haghaidh taighde ar Ghalar Alzheimer

I mí Dheireadh Fómhair 2007, d'fhógair an tAire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta, Micheál Martin TD, go ndéanfadh GlaxoSmithKline (GSK), le tacaíocht ó IDA Éireann, infheistiú ar suas le €14.6 milliún, i gcomhar le hInstitiúid Néareolaíochtaí Choláiste na Tríonóide agus Ollscoil na hÉireann, Gaillimh, i mórchlár taighde agus forbartha le teiripí nua a fhionnadh chun cóireáil a chur ar fáil do ghalair Alzheimer. Don chomhoibriú seo, tá CTBÁC agus Ollscoil na hÉireann, Gaillimh ag obair i gcomhar le hIonad Néareolaíochta Barr Feabhais GSK san RA chun drugaí a fhionnadh ar fhorbairt na n-uirlisí a dheartar chun trialacha cliniciúla ar ghalair Alzheimer amach anseo a dhéanamh níos éifeachtaí, le 22 gairmí ardcháilithe leighis fostaithe, maille le mic léinn PhD agus eolaithe iardhochtúireachta.

Sheol CTBÁC agus Coláiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath an Chéad Cheann de Chláir Chéimithe Chomhoibritheacha na hÉireann

I mí Mheán Fómhair 2008 sheol an Príomh-Chomhairleoir Eolaíochta, An tOllamh Patrick Cunningham clár comhoibritheach céimithe ceandródaíoch idir scoileanna na céime i gColáiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath agus CTBÁC. Tá sé ar an gcéad chlár dá chineál, agus cuirfidh Dublin Chemistry clár struchtúrtha de chúrsaí ardcháilíochta ar fáil chun tacú le taighde na mac léinn PhD sna scoileanna sin. Le breis is 40 ceannaire grúpa taighde agus 180 mac léinn iarchéime taighde, tá an mhais chriticiúil riachtanach ag

Dublin Chemistry chun bheith san iomaíocht leis na hollscoileanna is fearr sna SA agus san Eoraip.

Comhpháirtíocht Daonnachtaí agus Eolaíochtaí Sóisialta idir CTBÁC agus Coláiste Cheatharlach

D'aontaigh Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath agus Coláiste Cheatharlach, an dá institiúid ardoideachais is sine in Éirinn, ar chomhpháirtíocht nua straitéiseach sna daonnachtaí agus sna heolaíochtaí sóisialta i mí na Samhna 2007. An príomhfhócas ag an gcomhoibriú seo ná teagasc agus taighde sna daonnachtaí agus sna heolaíochtaí sóisialta.

'Ilchineálacht a Mhéadú, Rochtana a Fheabhsú'

Seo clár rochtana nua idir-ollscoile, a sheol Clár Rochtana na Tríonóide, New Era Choláiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath agus Seirbhís Rochtana Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath i mí Feabhra 2008 – le tacaíocht ó Irish Life and Permanent plc – agus tá an clár seo tiomanta de feabhas a chur ar dheiseanna oideachais le haghaidh mic léinn nár rugadh iad in Éirinn atá ag freastal ar scoileanna nasctha. Mar chuid den tionscnamh seo, d'imigh cláir rochtana na hollscoile i mbun méadú ar chéatadán na mac léinn nár rugadh iad in Éirinn atá ag glacadh páirte i ngníomhaíochtaí for-rochtana bunscóile agus iar-bhunscóile.

Comhpháirtíocht Nua Straitéiseach idir CTBÁC agus Ospidéal Ginearálta Nás na Ríogh

I mí na Samhna 2007, d'aontaigh Scoil Leighis CTBÁC comhpháirtíocht chomhoibritheach leighis le hOspidéal Ginearálta Nás na Ríogh a aithníonn Ospidéal Ginearálta Nás na Ríogh ina ionad cleamhnaithe teagaisc do mhic léinn ó Scoil Leighis CTBÁC.

Comhchlár Taighde PhD sna hEalaíona agus Daonnachtaí Seolta ag CTBÁC, Ollscoil na hÉireann, Gaillimh agus Coláiste na hOllscoile, Corcaigh

I mí Eanáir 2008 seoladh clár nua nuálaíoch PhD i dtaighde sna healaíona agus sna daonnachtaí a dhéanfar a theagasc i CTBÁC, Ollscoil na hÉireann, Gaillimh agus i gColáiste na hOllscoile, Corcaigh. Cuireadh tríocha a haon scoláireacht ar fáil le haghaidh an PhD nua comhtháite dar teideal 'Texts, Contexts, Cultures' trí mhaoiniú PRTL 4 an ÚAO. Tá an clár taighde nua seo an-éagsúil leis an oiliúint PhD a bhíodh á chur ar mhic léinn sna healaíona agus sna daonnachtaí agus beidh an deis acu a scileanna taighde a fhorbairt i gcomhthéacsanna dúshlánacha idirdhisciplíneacha.

5.5 Scoláireacht agus Rathúlacht Dámhachtainí le haghaidh Thaighdeoirí CTBÁC

Tugadh aitheantas do thaighdeoirí na Tríonóide ar fud gach disciplín as an méid a bhí bainte amach acu sa bhaile agus thar lear.



Chláraigh Acadamh Ríoga na hÉireann ceathrar de lucht acadúil CTBÁC ina mbaill nua le linn 2008: An Dr Katharine Simms, Léachtóir Sinsearach sa Stair, i Scoil na Startha agus na nDaonnachtaí agus Stiúrthóir an Ionaid um Thaighde ar Stair Mheánaoise; An tOllamh James Lunney, Comh-ollamh le Fisic agus Ceann na Scoile Fisice; An tOllamh Kingston Mills, Ollamh le hImdhíoneolaíocht Thurgnamhach i Scoil na Bithcheimice agus Imdhíoneolaíochta; agus an tOllamh Patrick Prendergast, Ollamh le Bithinnealtóireacht i Scoil na hInnealtóireachta agus Stiúrthóir ar Ionad na Tríonóide le haghaidh Bithinnealtóirachta. Tá toghadh mar bhall d'Acadamh Ríoga na hÉireann ar an onóir is airde sa saol acadúil in Éirinn.

I mí Dheireadh Fómhair 2007, bronnadh an deontas taighde is mó riamh sna daonnachtaí in Éirinn ar an tionscadal 'Massacres, Myths and Memory – the 1641 Depositions Project', tionscadal taighde comhoibrítheach uailmhianach idir Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath, Ollscoil Aberdeen agus Ollscoil Cambridge. Faoi stiúir an Ollaimh Jane Ohlmeyer, Ceann Scoile na Startha agus na nDaonnachtaí, bhronn Comhairle Taighde na hÉireann um na Daonnachtaí agus na hEolaíochtaí Sóisialta (IRCHSS), An Chomhairle Taighde Ealaíon agus Daonnachtaí sa RA, chomh maith le leabharlann Choláiste na Tríonóide an maoiniú de €1 mhilliún. An aidhm atá ag an tionscadal trí bliana seo ná bailiúchán lámhscríbhinní a thrasscríobh agus a dhigitíú – bailiúchán ina bhfuil 3,400 teistíocht, scrúdú agus ábhair bhainteacha, ina gcuireann fir agus mná Protastúnacha síos ar a n-eispéiris i ndiaidh thús eirí amach Chaitlicigh na hÉireann i mí Dheireadh Fómhair, 1641.

Bronnadh an Bonn O'Moore ar an Ollamh Jane Grimson, Stiúrthóir Ionad na Faisnéisíochta Sláinte i mí na Samhna 2007 mar aitheantas ar an méid mór a rinne sí ar son fhorbairt na faisnéisíochta cúraim shláinte in Éirinn agus ar fud an domhain.

Fuair Scoil Innealtóireachta na Tríonóide post léachtóireachta ó Chlár Ollúnachta agus Léachtóireachta Innealtóireachta Fhondúireacht Eolaíochta i mí Feabhra 2008. Bhí an scoil ar cheann as sé fhaighteoir, agus tacaíonn sé le taighde atá dírithe ar dhearadh ardleibhéil le haghaidh córais mheáin.

Bhuaigh an tOllamh John Nolan ó Scoil an Leighis Dámhachtain Chúraim Shláinte na hÉireann i mí Dheireadh Fómhair 2007 ar son a staidéir ar Dhiaibéiteas.

Bhronn Comhairle Taighde na hEorpa deontas Imsrúdaitheoir Neamhspleách ar an Dr Stephen Connon, léachtóir sa Cheimic Orgánach, i mí na Nollag 2007. Bhí breis is 9,000 iarratas ó gach duine de na hEolaíochtaí ar an gcomórtas agus iad san iomaíocht le haghaidh 300 dámhachtain. Tá grúpa taighde an Dr Connon ag iarraidh fóir a bhaint as straitéisí cataíochta a úsáideann cataíochtaí bhitheolaíochta ardéifeachtachta (einsímí) chun córais shintéiseacha a

dhearadh le haghaidh réimse leathan d'imoibriúcháin cheimiceacha nach bhfuil aon chatalaíoch roghnaíoch ar fáil dóibh faoi láthair.

Bronnadh Dámhachtain Taighdeoir Óg Uachtarán na hÉireann de chuid Fhondúireacht Eolaíochta Éireann ar an Dr Daniel Kelly, léachtóir le hInnealtóiracht Bhithmheicniúil i mí an Mheithimh 2008. Díríonn taighde an Dr Kelly ar theicneolaíocht athghiniúna gaschill chun foinsí eile ceall a sholáthar le loingeán a dheisiú. Trí mheán na dámhachtana gheobhaidh an Dr. Kelly maoiniú de bheagnach €1mhilliún thar an gcéad chúig bliana eile agus caithfidh sé am freisin ag obair thar lear i saotharlann a bhfuil cúlra aici sa taighde comhlántach. Tabharfaidh sé seo an deis dó freisin scileanna ríthábhachtacha nua a thabhairt ar ais leis maille le taithí chuig a ghrúpa taighde sa Tríonóid.

Bhuaigh an Dr Declan Dagger, Scoil na Ríomheolaíochta agus na Staitisticí, dámhachtain tionscnaimh 'One to Watch' de chuid Fhiontraíocht Éireann. Tugann an dámhachtain seo aitheantas do thaighdeoir a meastar a n-iarrachtaí sa tráchtáil a bheith ar na cinn leis an bpoitéinseal gnó is fearr. Bhronn an tAire Eolaíochta, Teicneolaíochta agus Nuálaíochta, An Dr Jimmy Devins TD an dámhachtain seo ar an Dr Dagger ag an gcéad Fhóram sa Taighde Feidhmeach de chuid Fhiontraíocht Éireann i mí an Mheithimh 2008.

Bronnadh breis is €8 milliún de mhaoiniú trí 29 Bord Taighde Sláinte ar thaighdeoirí CTBÁC sa bhliain 2007/08. I measc na ndámhachtainí sin bhí na scéimeanna seo a leanas: Deontais Tionscadail Taighde; Dámhachtainí don Taighde Aistritheach; Comhaltachtaí Iardhochtúireachta; Comhaltachtaí Taighde sna Seirbhísí Sláinte; agus Comhaltachtaí Altranais agus Cnáimhseachais.

Bhronn an Chomhairle um Thaighde sna Dána agus sna hEolaíochtaí Sóisialta (IRCHSS) 38 Scoláireacht Taighde Iarchéime ar an gColáiste, ocht gcinn de Chomhaltachtaí Iardhochtúireachta agus dhá Chomhaltacht Taighde Shinsearach. Bhronn Comhairle Taighde na hÉireann um Eolaíocht, Innealtóireacht agus Theicneolaíocht (IRCSET) 11 Chomhaltacht Iardhochtúireachta den Tionscnamh Embark agus 27 Scoláireacht Taighde Iarchéime ar an gColáiste.

San iomlán bronnadh 14 ollúnacht agus léachtóireacht Stokes ar Choláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath faoi chlár Ollúnachtaí agus Léachtóireachtaí Stokes de chuid Fhondúireacht Eolaíochta Éireann agus d'fhógair an tAire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta, Micheál Martin TD iad i mí na Nollag 2007.

Bronnadh Bonn taighde Bithleighis Innealtóirí Éireann 2008 ar mhac léinn iarchéime de chuid na Tríonóide, David Hoey. Bronnann Innealtóirí Éireann an dámhachtain seo gach bliain ar an mac léinn PhD bliana deireanaí a roghnaíonn an coiste ar an duine is mó a chuir le taighde bithleighis san innealtóireacht.



D'éirigh le seachtar de mhic léinn Choláiste na Tríonóide Scoláireachtaí Fulbright a bhaint amach le haghaidh 2008-09. Bronnann Coimisiún Fulbright na dámhachtainí ar shaoránaigh Éireannacha chun staidéar agus taighde a dhéanamh sna Stáit Aontaithe agus ar shaoránaigh na SA staidéar agus taighde a dhéanamh in Éirinn chun cur leis an dialóg leanúnach idir Éirinn agus na Stáit Aontaithe.

Tá ionad CTBÁC le haghaidh Léinn Bodhaire ina chomhpháirtí le SIGNALL, tionscadal AE ar bronnadh an Dámhachtain Eorpach le haghaidh Teangacha 2008 air. An aidhm atá ag an tionscadal SIGNALL ná cur leis an bhfeasacht i leith Chultúr na Bodhaire agus na Teanga Comharthaíochta san AE.

I measc urfhuascailtí Thaighdeoirí CTBÁC bhí siad seo a leanas:

D'fhorbair Taighdeoirí CTBÁC Trialacha Úrnuua chun Galar Alzheimer a Thuar agus Measúnú a Dhéanamh ar an nGalar ag Céim Luath

I mí na Samhna 2007, d'fhógair CTBÁC gur forbraíodh triail nua chun galar Alzheimer a aimsiú go luath – obair de chuid Ollamh na Scoile Síciatrachta, An tOllamh Harald Hampel agus a fhoireann taighde atá bunaithe in Institiúid Néareolaíochta Choláiste na Tríonóide agus Ospidéal Adelaide & na Mí Baile Átha Cliath, lena gcuimsítear Ospidéal Náisiúnta na Leanaí, Tamhlacht. I mí Aibreáin 2008 fógraíodh gur fionnadh an dara triail nua chun galar luath Alzheimer a thuar agus a riosca a mheasúnú. Foilsíodh an dá fhionnachtain nua seo i ndáil le galar Alzheimer, faoi stiúir fhoireann taighde CTBÁC/ AMiNCH in iris a bhfuil piar-mheasúnú déanta uirthi go domhanda, BRAIN, agus in iris Mheiriceánach ardleibhéil sa tsíciatracht *Archives of General Psychiatry*, agus cuireadh iad i láthair ag comhdháil 2008 International Psychogeriatric Association (IPA) i mBaile Átha Cliath.

Urfhuascailt mhór i gCóireáil Ghalar Céiliach ag Taighdeoirí CTBÁC

D'fhionn taighdeoirí i gColáiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath i gcomhar le comhoibrithe sa RA agus san Ísiltír seacht réigiún géine a bhfuil nasc acu le galar céiliach a chúisiú. Mar thoradh ar an bhfionnachtain urfhuascailteach seo, a fógraíodh i mí an Mhárta 2008, tá tuiscint níos fear anois ar Ghalar Céiliach agus dá bhrí sin ar fhorbairt cóireálacha nua. Foilsíodh torthaí fhoireann taighdeoirí CTBÁC, faoi stiúir an Dr Ross McManus ón Institiúid Leigheas Móilíneach, i gcomhar leis an Ollamh David Van Heel ó Scoil Leighis Londain, in iris atá ina ceannaire domhanda, *Nature Genetics*.

Taighde Nua de chuid CTBÁC le Tionchar a bheith aige ar Theiripí le haghaidh Ailse Amach Anseo

I mí Mheán Fómhair 2008, rinne eolaithe na Tríonóide urfhuascailt thábhachtach i leith na slí a maraíonn cealla

iad féin. Tá an cumas aige seo tionchar a imirt ar theiripí le haghaidh ailse amach anseo. Faoi stiúir an Ollamh Smurfitt le Géineolaíocht Leighis, An tOllamh Seamus Martin, tugann an taighde urfhuascailteach seo tuiscint ar an ról atá ag an teaghlach de ghéin Bcl-2 a bhfuil baint aige le frithsheasmhacht i gcoinne céimiteiripe le haghaidh ailse. Foilsíodh torthaí na foirne taighde san iris a bhfuil clú domhanda uirthi, *Molecular Cell*.

Sainnithníonn Taighde Comhoibritheach CTBÁC Aimrialtachtaí Tearca Crómasómacha

Shainnithin grúpa comhoibriúcháin taighde idirnáisiúnta idir na SA, An Eoraip agus Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath saobhadh crómasómach tearc a bhfuil baint acu le neamhoird forbraíochta i leanaí lena n-áirítear uathachas. Foilsíodh torthaí an staidéir, a raibh an Dr Louise Gallagher, Léachtóir Sinsearach Cliniciúil i Síciatracht agus an tOllamh le Síciatracht, An tOllamh Michael Gill in iris a bhfuil clú idirnáisiúnta uirthi *New England Journal of Medicine* foilsithe i mí Mheán Fómhair 2008.

6 Nuálaíocht agus Tráchtálú

Tacaíonn Taighde & Nuálaíocht na Tríonóide (TR&I) go gníomhach le punann taighde na Tríonóide i gcoitinne. Cuireann an t-aonad chun cinn agus déanann bainistiú ar an gcaidreamh idir taighdeoirí CTBÁC, gníomhaireachtaí maoiniúcháin agus tionscail. Tá sé freagrach chomh maith as bainistiú a dhéanamh ar Mhaoin Intleachtúil, Aistriú Teicneolaíochta agus Nuálaíochta, Tráchtálú agus Fiontraíocht CTBÁC. Ag teacht leis na bPlean Forbartha Náisiúnta agus le Plean Straitéiseach CTBÁC, féachann Taighde & Nuálaíocht na Tríonóide le cur chun cinn a dhéanamh ar úsáid rathúil na smaointe a chorpraíonn teicneolaíochtaí nua.

Déanann Taighde & Nuálaíocht na Tríonóide éascú ar idirchaidrimh idir an ollscoil, gníomhaireachtaí seachtracha agus tionscail, trí cheithre rannóg: Forbairt Taighde, Conarthaí, Aistriú Teicneolaíochta agus Fiontraíocht. Tháinig fás suntasach ar an aonad le linn 2007/08 le 13 bhall nua.

6.1 Maoin Intleachtúil

Le linn na bliana, phróiseáil an Rannóg um Fhorbairt Taighde 1,227 iarratas taighde agus maoiniúcháin san iomlán agus phróiseáil Rannóg na gConarthaí 684 conradh san iomlán a ndeachaigh CTBÁC iontu dar luach os cionn €126 milliún. Bhí an Rannóg um Aistriú Teicneolaíochta freagrach as 24 paitinn a chomhdú, sé cheadúnas tráthtálaithe agus dhá chuideachta sheachthairbhe.

6.2 Fiontraíocht agus Nuálaíocht

Chláraigh an Rannóg Fiontraíocht 43 mac léinn iarchéime





agus taighdeoir ar an gClár Fiontraíochta agus thacaigh le hocht dtionscadal (an líon is mó go dtí seo) ar an gclár MBA workout.

Bronnadh Dámhachtain Nuálaíochta na Tríonóide ar an Dr Steven Collins agus ar Hugh Reynolds, Cómhbhunaitheoirí Havok.com agus dhíol é le Intel le haghaidh €76 milliún sa bhliain 2008. Bronnadh an dámhachtain mar aitheantas ar an rath a bhí orthu le cruthú Havok, a bhfuil tús áite aige anois i bhforbairt agus díolachán fisic fíorama agus bogearraí beochain le tionscal na gcluichí.

7 An Clár um Fhorbairt Caipitil

Le linn na bliana acadúla 2007/08 faoi chlár an Choláiste um fhorbairt caipitil, cuireadh i gcrích roinnt tionscadal mar ar osclaíodh go hoifigiúil Institiúid Naughton, An tIonad Spóirt agus Ionad Taighde Ealaíne Éireann na Tríonóide. I measc na dtionscadal mór caipitil a ndeachthas ina mbun bhí athchóiriú na n-áiseanna reatha ag 15/16 Rae an Iarthair, Institiúid Moyne, Teach Dunlop Oriel, Saotharlann Taighde Sior Patrick Dun ag Ionad na Tríonóide in Ospidéal San Séamas, Campus Teicneolaíochta agus Fiontraíochta na Tríonóide agus Oifigí nua Dáimhe.

Leanadh leis an bpleanáil ar roinnt tionscadal eile lena n-áirítear athchóiriú ar Halla Luce, Plás Foster agus Mol an tSeomra Fhada.

7.1 Tionscadail i gCrích

Ionad Taighde Ealaíne Éireann na Tríonóide



Stáblaí athchóirithe atá anois ag feidhmiú mar Ionad Taighde Ealaíne na Tríonóide

I mí an Mheithimh 2008, d'oscail an t-ealaíontóir Louis le Brocquy, agus an grianghrafadóir Jacqueline O'Brien go hoifigiúil Stáblaí athchóirithe Theach an Phroipaist, atá anois ina bhaile nua ag Ionad Taighde Ealaíne Éireann na

Tríonóide. Faoin tionscadal seo a chosain €1.5 milliún, arna mhaoiniú le deontas príobháideach, cuireadh áis taighde agus teagaisc ar fáil lena n-áirítear spás teagaisc/ taispeántais, spás staidéir agus seirbhísí coimhdeacha ag leibhéal urlár na talún agus seomra léitheoireachta/cartlainne agus oifigí ag leibhéal an chéad urláir.

Ionad Spóirt

D'oscail an tAire Ealaíon, Spóirt & Turasoireachta, Séamus Brennan TD, trócaire air, go hoifigiúil Ionad Spóirt nua úrscothach na Tríonóide i mí Aibreáin 2008. San fhoirgneamh a chosain €30 milliún tá 6,500 méadar cearnach de spás saintógtha nua-aimseartha caithimh aimsire, le linn snámha 25 méadar le 6 lána agus sabhna agus seomra gaile ceangailte leis. Tá urlár a bhogann ag an linn snámha agus is féidir an doimhne a athrú chun freastal ar réimse leathan gníomhaíochtaí – idir ranganna do thosaitheoirí agus oiliúint scúba agus póló uisce. I measc na n-áiseanna eile tá hallaí spóirt, téatar substainteach aclaíochta, stiúideo aeróbaic chomh maith le cóiríocht le haghaidh clubanna spóirt agus spásanna le haghaidh reifléacseolaíochta agus cóireálacha iomlánaíochta eile. Tá limistéir ghléasta ardchaighdeán ar leithligh ann le haghaidh spóirt thirime agus spóirt fhliucha. Ar cheann de na gnéithe suntasacha i leith an fhoirgnimh tá balla mórshuntais dreapadóireachta atá le feiceáil ó nach mór gach pointe d'airde an fhoirgnimh i Rae an Iarthair. Bhíothas in ann an tIonad a thógáil a bhuíochas le d eontas an-substainteach a cuireadh ar fáil ó Atlantic Philanthropies, ceann den iliomad tionscadal sa Tríonóid a fhaigheann tacaíocht ó Atlantic Philanthropies.

Institiúid Naughton

I mí Eanáir 2008 d'oscail an Taoiseach, Bertie Ahern TD Institiúid Naughton, áis nua úrscothach eolaíochta a chosain €100 milliún áit a bhfuil an chéad institiúid taighde saintógtha riamh in Éirinn le haghaidh naineolaíochtaí, An tIonad le haghaidh taighde ar Nanaistruchtúir agus Nanaifheistis Oiriúnaitheacha (ITNNO). Tá maoiniú substainteach faighte ag ITNNO ón rialtas go dtí seo, agus tháinig €74 milliún de sin trí dheontais ó Fhondúireacht Eolaíochta Éireann (FEÉ).

Tugtar Institiúid Naughton air mar aitheantas ar an deontas mór ón Dr Martin Naughton, Cathaoirleach an Glen Dimplex Group, agus san institiúid tá 150 eolaí, teicneoir agus mac léinn céime agus cuirtear an teicneolaíocht ar fáil dóibh ann a bhfuil gá léi chun domhan na naineolaíochta a iniúchadh.

Cuireann áiseanna speisialaithe saor ón thonnchrioth le carachtar ar leith an fhoirgnimh seo. Féadfaidh taighdeoirí agus eolaithe ag an Institiúid fearais agus teicnící a fhorbairt chun struchtúir agus feistí nua a thógáil adamh ar adamh, rud a chruthaíonn deiseanna gan teorainn sa bhiteicneolaíocht, teicneolaíocht na faisnéise agus na cumarsáide.



Institiúid Naughton

Gailearaí Eolaíochta

San fhoirgneamh seo tá ionad nuálaíoch poiblí, an Gailearaí Eolaíochta. Tá an t-ionad seo feistithe agus oibrithe le cúnamh ón Stát agus ó mhaoiniú príobháideach agus bíonn sé ag obair leis an bpobal ar shaincheisteanna móra reatha agus den todhchaí trí thaispeántais idirghníomhacha, imeachtaí, plé agus díospóireachtaí.

7.2 Tionscadail Tógála atá Beartaithe

Forbairt Eolaíochtaí Bitheacha

Tá athfhorbairt á dhéanamh ar an suíomh idir Sráid Cumberland agus Sráid Sandwith, a bhíodh ina charrchlós dromchla roimhe seo, chun spás a sholáthar do mheascán d'úsáidí idir acadúil agus thráchtála le breis is 30,000 méadar cearnach. I measc na n-áiseanna acadúla a bheidh san ionad tá Institiúid Eolaíochtaí Bitheacha le háiseanna tacaíochta agus cóiríocht bhreise teagaisc agus taighde tríú leibhéal. Sa spás tráchtála beidh siopaí, cóiríocht oifige agus spás saotharlainne. Tá an fhorbairt ceangailte le Stáisiún Traenach an Phiarsaigh agus cuimsíonn an dearadh bealach isteach nua chuig an Stáisiún. Thosaigh an tionscadal seo ar an suíomh i mí Lúnasa 2008 agus tá sé le cur i gcrích i mí na Nollag 2010.

Mol an tSeomra Fhada

Tá Mol an tSeomra Fhada sceidealaithe le tógáil sa dara leath de 2009. Déanfaidh an tionscnamh seo éascú ar fhorbairt straitéiseach an Choláiste ar thaighde sna hEalaíona, Daonnachtaí agus Eolaíochtaí Sóisialta trí fhónamh iomlán a bhaint as bailiúcháin den chéad scoth an Choláiste agus pobal scoláirí a chruthú ar fud réimse disciplíní. Féachfaidh sé le ceisteanna a fhreagairt i ndáil le céannacht dhaonna i gcomhthéacsanna domhanda, ag díriú ar fhuinnimh taighde agus ar an gcaoi sin ag cuidiú le poitéinseal cruthaitheach Choláiste na Tríonóide a réadú i ndáil le bheith ina institiúid náisiúnta agus idirnáisiúnta den chéad scoth.

Tá gá le spás fisiceach má táthar chun 'pobal beo scoláirí' a chruthú ar fud Mhol an tSeomra Fhada agus cuidiú le baint amach na sprice an líon mac léinn iarchéime a dhúbailt faoi 2012. Cuireadh tús leis an bpleanáil le haghaidh tionscadail a chuirfidh cóiríocht fisiceach ar fáil don Seomra Léitheoireachta, seomraí Taighdeoirí ar Cuairt, Malartú Eolais, sraith seomraí Físchomhdhálacha agus limistéar Digititiúcháin.

Ionad na Tríonóide, Ospidéal Thamhlachta, Céim 2

Fuarthas cead pleanála ó Chomhairle Contae Bhaile Átha Cliath Theas le haghaidh forbartha de 5,000 méadar cearnach a thógáil feadh Ionad na Tríonóide atá ann cheana féin in ospidéal Thamhlachta. Cuirfidh an foirgneamh atá beartaithe, a chosnóidh tuairim is €20 milliún, cóiríocht taighde ar fáil le haghaidh na hInstitiúide beartaithe don Leigheas Coisctheach agus spás teagaisc agus taighde ar fáil do Scoil Altranais agus Cnáimhseachais an Choláiste.

Ionad Nuálaíochta Thionscal na Tógála

Le tacaíocht fhlaithiúil an fhorbróra Bernard McNamara, bhunaigh an Tríonóid Ollúnacht Michael McNamara le Nuálaíocht Tógála agus tá sé beartaithe ionad a thógáil a bheidh mar bhaile ag an Ionad Taighde Thionscal na Tógála mar chuid de dhearadh sainchuspórtha le haghaidh Innealtóireacht Shibhialta, Struchtúrtha agus Mheicniúil.

Chomh maith leis na tionscadail thuasluaite, cuirfear iarratas pleanála isteach le hathchóiriú a dhéanamh ar an gcóiríocht ag 3/4 Plás Foster agus Sráid Anglesea. Tabharfar tionscadal Ionad Mac Léinn Halla Luca chuig céim an cheada phleanála le linn na míonna amach romhainn. Is éard a bheidh i gceist leis seo ná na hiar-áiseanna spóirt i Halla Luca a thiontú ina Ionad do Mhic Léinn. Tá sé seo ag teacht le Plean Straitéiseach an Choláiste agus cuirfidh an spás ionad ar fáil d'imeachtaí, spásanna sóisialta agus cóiríocht ar fáil d'Aontas na Mac léinn, cumainn mac léinn agus roinnt seirbhísí tacaíochta do mhic léinn.

Táthar i mbun iniúchadh a dhéanamh ar phoitéinseal Champas Teicneolaíochtaí agus Fiontraíochta na Tríonóide ionas gur féidir leis an gColáiste forbairt a dhéanamh ar an suíomh seo a luaite is a bheidh na coinníollacha sa mhargadh fabhrach. Tá an cumas ag an suíomh seo freastal ar riachtanais fairsingithe fhadtéarmacha an Choláiste.

Plean um Rialú Forbartha

I gcomhthráth le hullmhú Phlean Straitéiseach nua 2009-2014, déanfar nuashonrú ar an bPlean um Rialú Forbartha don Choláiste an bhliain seo chugainn chun tacú le spriocanna straitéiseacha an Choláiste. Scaoilfidh an t-aistriú beartaithe ar ghníomhaíochtaí chuig Forbairt Eolaíochtaí Bitheacha na foirgnimh seo agus spás ar féidir é a athfhorbairt agus cuirfidh an Plean nua um Rialú Forbartha straitéis ar fáil le haghaidh athfhorbairt chéimneach na suíomhanna seo agus na godanna



tearcfhorbartha den champas. Toisc na n-amscálaí atá i gceist le forbairt agus tógáil tionscadail mhóra tógála, tabharfaidh an Plean um Rialú Forbartha imlíne ar na céimeanna d'fhorbairtí a tharlóidh tar éis 2014.

7.3 Caomhnú Fuinnimh

D'úsáid an Tríonóid breis is 33.3 milliún kWh de leictreachas agus os cionn 32 milliún kWh de ghás nádúrtha le linn 2007/08. Tharla an fás measartha seo i gcomparáid leis an mbliain roimh ré mar thoradh ar lánúsid na bhfoirgneamh nua atá suite ar chúinne thuaidh thoir an champais. B'ionann na costais iomlána a bhain le fónais agus €7.3 milliún don bhliain.

Baineadh amach roinnt coigiltis tríd an ngrúpa e3, ar a bhfuil Coláiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath, Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath, Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath agus CTBÁC, agus bhain siad úsáid as a gcomhchumhacht cheannacháin chun na tairiscintí agus soláthraithe is buntáistí a fháil. Faigheann an Tríonóid formhór a leictreachais ó Airricity. Is bealach éifeacht laghdú go mór ar astaíochtaí CO₂ trí úsáid a bhaint as soláthraí fuinnimh 'glas' mar seo.

Cuimsíonn clár leanúnach d'obair chaomhnaíthe fuinnimh bearta spriocdhírthe i bhfoirgnimh ar leith agus clár cumarsáide agus oideachais d'úsáideoirí na bhfoirgneamh. Faoin gclár laghdaithe fuinnimh bunaíodh córas monatóireachta agus spriocdhírthe le haghaidh foirgneamh ar leith agus oibríodh ar úsáid fuinnimh a laghdú iontu. Cuireadh tús le céimeanna tosaigh an chlár seo i mí Márta 2007 agus bhí deich bhfoirgneamh i gceist le sprioc de laghdú 10% thar trí bliana.

Le linn 2007/08, rinneadh iniúchadh ar bhearta le haghaidh malairt foinsí fuinnimh i bhfoirgnimh nua, rinneadh optamú ar dhearthaí chun úsáid fuinnimh a laghdú agus rinneadh athbhreithniú ar athchóiriú intí chun feabhas a chur ar úsáid fuinnimh agus an úsáid sin a laghdú fad is a coimisiúnaíodh foirgnimh a bheadh dírithe ar úsáid fuinnimh a bheith ag an leibhéal is eacnamaíche agus is féidir.

Is eiseamláir é an Fhorbairt nua Eolaíochtaí Bitheacha chun foirgneamh níos éifeachtaí a bheith ann le Comhfhearas Teasa agus Cumhachta. Déanfar tosaíocht de a chinntiú go gcuirfear seo san áireamh mar chuid den dearadh agus den tsuiteáil. Tá na cineálacha seo foirgneamh taighde an-dian ar fhuinneamh. Féadfaidh siad suas le trí nó ceithre huair an méid céanna fuinnimh a úsáid is a úsáideann gnáthspás oifige. D'fhéadfaí na glanchostais bhliantúla oibríochtúla a laghdú ach úsáid a bhaint as an bpoitéinseal fuinneamh a ghiniúint agus a aisghabháil ar an láthair.

8 Tiomsú Airgid

Braitheann todhchaí Choláiste na Tríonóide go príomha ar na daoine ann – an fhoireann agus na mic léinn – chomh maith leis an infheistíocht sa teagasc, taighde, nuálaíocht agus for-rochtain. Tá gá le tiomsú suntasach airgid má táthar chun áit an Choláiste a choinneáil ar cheann de na hollscoileanna is fearr ar domhan. Chuige seo, tiomsaíonn Fondúireacht na Tríonóide airgead ó alumni agus cairde an Choláiste.

Déanann an Tríonóid a thosaíochtaí tiomsaithe airgid a ghrúpáil faoi chúig théama, gach ceann le hábharthacht, tábhacht agus luach d'ollscoil chomhaimseartha – le misean ar leith go mbeidh ról lárnach ag an Tríonóid i gcuidiú le hÉirinn a bheith ar an áit is táirgiúla le nithe a airgeadh, le bheith ag obair agus le foghlaim agus an áit is sibhialta le cónaí agus cur leis an tsochaí áitiúil agus dhomhanda.

Ní féidir leis an gColáiste a bheith ag brath ar mhaoiniú ón Stát amháin – is gá tacaíocht phríobháideach chun todhchaí an Choláiste a chinntiú. Sa tréimhse 1 Deireadh Fómhair 2007 go dtí 30 Meán Fómhair 2008, fuarthas €28.5 milliún ó dheontais phríobháideacha (€31 milliún sa tréimhse 2006/07). Is féidir na sochair ón tacaíocht phríobháideach a fheiceáil ar fud an Choláiste.

I measc na mbuaicphointí (de réir téama) tá :

Sláinte - *Daoine níos sláintiúla ag cónaí i sochaí níos sláintiúla*

- Maoiniú caipitil le haghaidh na hInstitiúide Eolaíochtaí Bitheacha ar Shráid an Phiarsaigh
- Ollúnacht nua in Innealtóireacht Néarach – ag tógáil ar cheannaireacht an Choláiste sa néareolaíocht ag nascadh a Ionaid Bhith-innealtóireachta leis an Scoil Leighis
- Maoiniú caipitil d'Ionad an Leighis Choiscthigh

Rachmas - *ag cruthú uirlisí chun geilleagar nua a thógáil*

- Léachtóireacht i bhfiontraíocht Shóisialta in Ionad na Bainistíochta Neamhbhrabúis sa Scoil Ghnó
- Maoiniú caipitil agus atréimhseach le haghaidh an Ghailearaí Eolaíochta

Eagna - *an intinn chruthaitheach a chothú*

- Mórdheontas chun tacú le forbairt caipitil fhadtéarmach na Leabharlainne
- Sealbhuithe iomadúla leabharlainne, lena n-áirítear an chéad eagrán de *In Principia* le Newton

Muinín - *smaointeoireacht straitéiseach chun tacú le ról na hÉireann sa domhan*

- Maoiniú chun tacú le dochtúireachtaí idirnáisiúnta sa Sláinte Dhomhanda i gcomhpháirt le hollscoileanna Afracacha



Rannpháirtíocht - *saoránacht ghníomhach, cuimsiú sóisialta agus sochaí inbhuanaithe*

- Croímhaoiniú do cheithre phost san Institiúid Náisiúnta um Míchumas Intleachtúil
- Scoláireachtaí iomadúla do mhic léinn ar Chlár Rochtana na Tríonóide agus sparánachtaí eile do mhic léinn

Lean alumni na Tríonóide ag tacú leis an bhfeachtas Save the Treasures atá tar éis breis is €1.25 milliún a bhailiú anois ó 3,000 alumni. Mhainigh sé seo caomhnú breis is 100,000 leabhar sa seomra fada.

Tá pleanáil ar bun le haghaidh na chéad chéime eile den tiomsú airgid, a chinnteoidh go dtacóidh sé leis an bPlean Straitéiseach nua atá beartaithe don tréimhse 2009-14. Ar na tionscadail tosaíochta atá ann faoi láthair tá siad seo a leanas:

- Cur i gcrích an mhaoinithe le haghaidh na hInstitiúide Eolaíochtaí Bitheacha ar Shráid an Phiarsaigh
- Athchóiriú ar an Seomra Fada agus cur le háiseanna taighde sna Daonnachtaí
- Foirgneamh nua don Scoil Ghnó agus forbairt nua Innealtóireachta
- Ollúnachtaí & Léachtóireachtaí i réimsí tosaíochta acadúla an Choláiste.

Mar chuid lárnach de rath tiomsaithe airgid an Choláiste tá an méid mór a rinne na grúpaí iomadúla deonacha a thacaíonn leis an Tríonóid lena n-áirítear Cumann agus Iontaobhas CTBÁC, Bord Comhairleach na Scoile Gnó, an Bord Comhairleach Seachtrach de Mhol an tSeomra Fhada, Bord Trí Chéad Bliain na Scoile Leighis, Alumni Gnó na Tríonóide, Bord Rialaithe an Ghailearaí Eolaíochta, Ciste SAM agus Iontaobhas na RA. Thug na hoibrithe deonacha seo a gcuid ama, ionchuir agus roinnt mhaith tacaíochta airgid. Tá an Coláiste thar a bheith buíoch de na grúpaí seo. Tá lua ar leith ag dul do Bhord Fhondúireacht na Tríonóide, a bhfuil ról lárnach aige i gcomhordú straitéis dhaonchairdiúil an Choláiste.

9 Staid Airgeadais

Rinne an Bord faomhadh ar na Ráitis Airgeadais ar an 21 Eanáir 2009 don bhliain dar críoch 30 Meán Fómhair 2008, arna ullmhú ar bhonn cuíchóirithe d'earnáil Ollscoileanna na hÉireann, agus tá siad mar Chuid I de na riachtanais tuairiscíochta faoi Acht na nOllscoileanna lena gcuimsítear na croídhéontais teagaisc/taighde agus na conarthaí sa Chuntas Ioncaim & Caiteachais. D'éisigh KPMG, iniúchóirí seachtracha an Choláiste, tuairim iniúchóireachta neamhcháilithe maidir leis na Ráitis Airgeadais. Is éard atá i gCuid II de na riachtanais tuairiscíochta airgeadais ná na Ráitis Chomhdhlúite Airgeadais de réir na gcaighdeán cuntasíochta a nglactar leo go coitianta. Clúdaítear sna

ráitis seo gach gníomhaíocht sa Choláiste (teagasc agus taighde agus gníomhaíochtaí féinstriúrtha araon) sa Chuntas Ioncaim & Caiteachais agus tá sé faoi láthair ag feitheamh ar shoiléiriú ón Údarás um Ard-Oideachas (ÚAO) agus Ranna Rialtais ábhartha eile i ndáil le láimhseáil theicniúil chuntasaíochta na ndlíteanas pinsean.

Thuairiscigh an Coláiste easnamh de €0.9 milliún don bhliain dar críoch 30 Meán Fómhair 2008 (Aguisín I), feabhsú de €1.27 milliún i gcomparáid leis an mbliain roimh ré. Mar thoradh air seo mhéadaigh easnamh carntha an Choláiste go dtí €9.78 milliún amhail ag 30 Meán Fómhair 2008. Leanann an t-easnamh airgeadais seo ag fás toisc go bhfuil gá cloí leis an Acht um Chosaint Fostaithe (Obair Téarma Shocraithe) 2003 a bhfuil soláthar substaintiúil déanta dó sna cuntais agus nach bhfuil aon mhaoiniú breise curtha ar fáil dó cé gur dualgas reachtúil atá ann a fuarthas ón Rialtas. Is ionann an cóimheas pá:neamhphá (taighde as an áireamh) don bhliain reatha agus 67:33 ámh, nuair a choigeartaítear é le haghaidh líon na bhfachtóirí aon uaire atá bainteach le FTWA agus leithdháileadh/caiteachas a mhaoiníonn an Bord, is é an cóimheas pá:neamhphá ná 71:29 i gcomparáid le polasaí reatha an Bhoird de 70:30. B'ionann Glansócmainní an Choláiste amhail ag 30 Meán Fómhair 2008 arna leagan amach sa Chlár Comhardaithe (Aguisín II) agus €650 milliún. Mar a bhí amhlaidh anuraidh, tá cistí pinsin na hOllscoile fós á bplé ar bhonn leanúnach leis an ÚAO agus tá sé ríthábhachtach réiteach a fháil ar an gceist má táthar chun cinnteacht a thabhairt do phleanáil agus do bhainistíocht an Choláiste.

I gcodarsnacht leis an teagasc, tá an timpeallacht mhaoiniúcháin le haghaidh taighde láidir agus b'ionann an t-ioncam do Dheontais Taighde agus Conarthaí Taighde agus €71.1 milliún don bhliain (Aguisín I) cé go bhfuil an Coláiste ag brath go mór ar Stát na hÉireann. Thacaigh an leibhéal gníomhaíochta i mbliana le 1,720 ball foirne, lena n-áirítear 680 mac léinn iarchéime. Mar a tharla i mblianta roimh ré, tá an costas iomlán ar thaighde a óstáil níos mó ná an méid a fhaightear ó ranníocaíochtaí díreacha. Níl sé seo inchothaithe.

Baineadh amach cóimheá airgid in éifeacht don bhliain faoi athbhreithniú in ainneoin na timpeallachta neamhfhábhraí eacnamaíochta agus maoiniúcháin. Is cúis mhór imní fós an staid airgeadais agus is dúshlán é don Choláiste don bhliain atá le teacht. Baineann an dúshlán is mó ó thaobh na todhchaí eacnamaíochta de le leibhéal an mhaoiniúcháin amach anseo agus le héiginnteacht ina leith sin, go háirithe sa mhéid gur thug an ÚAO le fios le déanaí go mbeidh fíorlaghdúithe ar an gcróimhaoiniú ón Stát sna blianta amach romhainn toisc airgeadas poiblí a bheith ag meath agus toisc chur i ngníomh leanúnach Mhúnla Maoiniúcháin Atréimhseach an ÚAO. Is éard atá sa mhúnla seo ná meicníocht leithdháiliúcháin le haghaidh croímhaoiniúcháin agus níl aon smacht ar an aonad caighdeánach acmhainne



agus laghdaíonn an maoiniúchán in aghaidh an mhic léinn de réir mar a mhéadaíonn an líon foriomlán mac léinn san earnáil. Tá an laghdú leanúnach iarbhír seo ar mhaoiniú ón Stát ag dul i gcoinne na sprice náisiúnta de gheilleagar 'cliste' a bhaint amach.

Bíonn srian ar an gColáiste ar bhonn leanúnach in éagmais bhunleibhéil mhaoiniúcháin agus mhol an OECD maoiniú ilbhliantúil, a bhfuil gá leo araon chun ardán a sholáthar don phleanáil airgeadais ó bhliain go bliain. Níl aon amhras ach gur cuireadh isteach ar staid airgeadais an Choláiste, ar a chumas dul i ngleic le rioscaí tromchúiseacha agus ar chumas infheistiú go straitéiseach toisc mheath leanúnach an chroímhaoiniúcháin.

Ní foláir don chéad straitéis airgeadais eile a bhfuil gá léi mar bhonn agus mar thaca don chéad Plean Straitéiseach eile le haghaidh 2009 – 2014 a bheith bunaithe ar dhá thosaíocht bhunúsacha:

1) sruthanna nua agus breise de mhaoiniú a ghiniúint a bheidh mar bhonn agus mar thaca leis na croíghníomhaíochtaí teagaisc agus taighde agus laghdú ar an riosca atá bainteach le meath an mhaoiniúcháin ón Stát
2) cistí caipitil a fháil chun an bonneagar reatha a chothabháil agus tionscadail nua a fhorbairt mar fhreagairt ar riachtanais acadúla agus riachtanais na foirne agus na mac léinn.

Níl amhras ar bheith ach go mbeidh sé níos deacra fós na tosaíochtaí seo a bhaint amach sa timpeallacht eacnamaíochta reatha. Mar sin beidh gá le bainistíocht láidir ar airgeadas an Choláiste chun uasmhéadú a dhéanamh ar úsáid éifeachtach na n-acmhainní agus chun réitigh chruthaitheacha a aithint a bhainfidh an fónamh is fearr agus is féidir as na deiseanna infheistíochta, forbartha agus tráchtála chun éagsúlú a dhéanamh ar a fhoinsí ioncaim.

10 Conclúid

D'éirigh go maith leis an gColáiste i 2007/08 d'ainneoin na ndeacrachtaí a chruthaigh maoiniú. Tá an Coláiste i riocht maith ó thaobh airgeadais de chun díriú ar na dúshláin atá i ndán dó agus dul chun tosaigh, ag tógáil ar a bhfuil bainte amach go dtí seo. D'fhonn cuspóirí náisiúnta a bhaint amach, ámh, beidh ar an gColáiste oibriú le gach leibhéal den rialtas chun straitéis airgeadais a chruthú a sholáthróidh maoiniú ó idir fhoinsí poiblí agus fhoinsí príobháideacha ar bhealach inbhuanaithe.

Ag am ina bhfuil géarchéim eacnamaíochta náisiúnta nach bhfacthas a leithéidí cheana, tá sé ríthábhachtach go mbeadh an tionchar is mó agus is féidir ag smaointe nua, eolas agus céimithe ardchaighdeáin ar chruthú post

inbhuanaithe agus ar athnuachan na ngnóthaí agus na seirbhísí reatha. Ní foláir don Tríonóid, i gcomhar lena institiúidí gaolmhara, a bheith ina cheannaire sa réimse seo sa timpeallacht eacnamaíochta reatha. Tá an Coláiste ag obair go gníomhach air seo.

I measc spriocanna an Choláiste, a bhfuil breac-chuntas orthu sa Tuairisc Chun Dáta ar an bPlean Straitéiseach 2006 tá: go méadóidh go suntasach seasamh idirnáisiúnta na Tríonóide mar ollscoil atá treoraithe ag taighde agus go mbeidh sé ar an bpointe tagartha idirnáisiúnta le haghaidh ar a laghad réimse amháin taighde. Beidh ár ngóthachtalachta taighde le sonrú go maith inár gclár oideachais, ag leibhéal iarchéime agus fochéime araon. Cuirfidh forbairtí san oideachas céime chun cinn 'Éire an Ceathrú Leibhéal', ag fairsingiú líon na n-iarchéimeithe agus ag soláthar cláir PhD Comhtháite a áiríonn modúil le haghaidh ardscileanna cineálacha agus scileanna aistritheacha.

Measfar curaclam agus modheolaíochta teagaisc fochéime na Tríonóide a bheith ar na cinn is fearr ar domhan. Beidh meascán ilchultúrtha éagsúil sóisialta i measc ár bhfoirne agus ár mac léinn, le líon mór mac léinn idirnáisiúnta, agus cuirfear feabhas ar 'Eispéireas na Tríonóide' le haghaidh na foirne agus na mac léinn araon. Aithneofar i sochaí na hÉireann go forleathan cion na Tríonóide ar son bheocht shóisialta, eacnamaíochta agus chultúrtha na hÉireann.

Tá an Coláiste ag féachaint go muiníneach i dtreo na todhcháí.



Aguisín I:

Cuntas Ioncaim agus Caiteachais
Don bhliain dar críoch 30 Meán Fómhair 2008

	2008 '000	2007 '000
Ioncam		
Deontais ón Stát	103,259	104,854
Táillí na Mac Léinn	82,643	76,039
Ioncam Eile	23,365	19,773
	209,267	200,666
Deontais agus Tionscadail Taighde	71,167	70,604
lomlán	280,434	271,270
Caiteachas		
Oifigí Acadúla Dáimhe	111,149	104,833
Seirbhísí Acadúla agus Eile	25,170	23,318
Áitribh	27,339	27,232
Méid Leithdháilte Chun Críocha Caipitil	9,482	5,847
Riarachán agus Seirbhísí Lárnacha	16,185	15,726
Caiteachas Ginearálta Oideachais	8,658	8,530
Seirbhísí do Mhic Léinn	6,445	5,214
Caiteachas Ilghnéitheach	8,884	9,795
Seirbhísí Acadúla agus Seirbhísí Bainteacha	213,312	200,495
Deontais agus Tionscadail Taighde	68,040	72,961
lomlán	281,352	273,456
Easnamh ó Ghníomhaíochtaí roimh Amúchadh na gCúlchistí Caipitil agus na nDeontas, Seirbhísí Coimhdeacha agus Dímhéas Sócmhainní Seasta	(918)	(2,186)
Barrachas ar Fhosheirbhísí	2,789	4,308
Dímhéas Sócmhainní Seasta	(27,116)	(26,928)
Aistriú Cúlchiste Ginearálta	24,327	22,620
Easnamh don bhliain	(918)	(2,186)

Aguisín II:

Clár Comhardaithe
Don bhliain dar críoch 30 Meán Fómhair 2008

	2008 '000	2007 '000
Sócmhainní Seasta	707,357	675,731
Sócmhainní Airgeadais	-	92
Sócmhainní Reatha		
Sa bhanc agus iarmhéideanna airgid thirim	167,969	149,521
Féichiúnaithe agus réamhíocaíochtaí	37,155	62,050
Stoic	372	314
	205,496	211,885
Dlíteanais Reatha		
Creidiúnaithe agus caiteachas fabhráithe	(202,161)	(188,938)
Iarmhéideanna Bainc	(3,357)	(1,443)
	(205,518)	(190,381)
Glansócmhainní/(Dlíteanais) Reatha	(22)	21,504
Dlíteanais Fhadtéarmacha		
Creidiúnaithe dlite tar éis bliana	(57,211)	(53,905)
	650,124	643,422
Léirithe Ag:		
Cúlchiste ginearálta	659,903	652,258
Infheistíochtaí	-	25
Cúlchiste Ioncaim	(9,779)	(8,861)
	650,124	643,422



WWW.TCD.IE